



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2023
(OR. en)

10900/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0199(COD)**

**CADREFIN 94
POLGEN 82
FIN 674
CODEC 1199
TELECOM 213
CYBER 170
COMPET 664
RECH 295
CLIMA 320
ENV 742
INDEF 24
POLMIL 166
SOC 468
ECOFIN 637
COH 48**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 335 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 335 final.

Faoi iamh: COM(2023) 335 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2023
COM(2023) 335 final

2023/0199 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tiomantas fadtéarmach an Aontais don aistriú glas agus digiteach agus an tionchar ar an tionsclaíocht san Aontas.

Tá an tAontas ina áit tharraingteach d'infheistíochtaí inbhuanaithe. Le 30 bliain anuas, tá tairbhí eacnamaíocha an-suntasach bainte amach ag an Margadh Aonair Eorpach, rud a thugann OTI don AE atá suas le 9 % níos airde san fhadtárma ná mar a bheadh mura mbeadh an Margadh Aonair ann¹. Tá samhail ghnó na hEorpa bunaithe ar an oscailteacht agus cuireann an tAontas timpeallacht atá fabhrach don ghnó ar fáil. Leis an tsamhail shóisialta Eorpach, cuirtear oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta ar fáil, agus córais dhea-fheidhmiúla cosanta sóisialta, maille leis an tsláinte phoiblí agus le cosaint an chomhshaoil. É sin agus an iomaíocht chóir agus creat rialála nach bhfacthas a leithéid riamh atá dírithe ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas agus ar an athléimneacht, tá sé sin uile ina chuidiú chun an intuathacht is gá a chur ar fáil d'infheisteoirí.

Is é compás atá ag an Aontas le blianta beaga anuas iomaíochas agus athléimneacht an gheilleagair Eorpaigh a neartú tríd an gclaohlú glas agus tríd an gclaohlú digiteach. Le NextGenerationEU², clár suaitheanta téarnaimh eacnamaíoch an Aontais, tá an bhearna dúnta ag an Aontas le leibhéil aschuir a bhí ann roimh an bpaindéim cheana féin i samhradh 2021. Leis na cistí atá dírithe ar an aistriú glas agus digiteach, tá ár ngeilleagar níos iomaíche. Leis na hiarrachtaí gan fasach atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun athchóirithe rithábhachtacha a chur chun feidhme, cuirtear le hathléimneacht an Aontais.

Tá sé cruthaithe ag tionscal an Aontais go bhfuil inneach na hathléimneachta ann ach tá dúshlán an tionscail á thabhairt. Tá an boillsiú ard, an ganntanas lucht saothair agus scileanna, an t-athrú déimeagrafach, an suaitheadh i slabhraí soláthair tar éis COVID, na rátaí úis ardaitheacha, agus na méaduithe ar chostais fuinnimh agus ar phraghsanna ionchuir ag cur isteach go mór ar iomaíochas thionscal an Aontais. Anuas air sin, iomaíocht thréan, nach mbíonn i gcónaí cóir, ar an margadh domhanda ilroinnte. Beidh glacadh agus uas-scálú teicneolaíochtaí criticiúla áirithe agus teicneolaíochtaí áirithe atá ag teacht chun cinn in earnálacha straitéiseacha laistigh den Aontas rithábhachtach chun deiseanna na n-aistrithe glasa agus digiteacha a thapú agus chun cuspóirí an aistrithe sin a chomhlíonadh chun spleáchais straitéiseacha a laghdú agus chun infheistíochtaí trasteorann a éascú ar fud an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht láithreach chun tacú le teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas, nó chun a slabhraí luacha a choimirciú agus a neartú sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, teicneolaíochtaí glana, agus bith-theicneolaíochtaí. Ní mór don Aontas freisin aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus scileanna sna hearnálacha straitéiseacha sin.

Tá roinnt tionscnamh curtha ar aghaidh ag an Aontas cheana féin chun tacú lena thionscal. Féachann Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais³ le hiomaíochas thionscal glan-nialasachta na hEorpa a fheabhsú, na méideanna is gá d'amhábhair chriticiúla a dhaingniú agus tacú leis an aistriú tapa chuig neodracht aeráide. Cuireann sé timpeallacht níos tacaíla ar fáil chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais i réimse na teicneolaíochta glaine a

¹ Teachtaireacht maidir le 30 bliain den Mhargadh Aonair, COM(2023) 162 final.

² https://next-generation-eu.europa.eu/index_ga

³ Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta, COM(2023) 62 final.

mhéadú: timpeallacht rialála intuatha, shimplithe; an rochtain ar mhaoiniú a bhrostú; scileanna a fheabhsú; agus trádáil oscailte le haghaidh slabhraí soláthair athléimneacha. Leis an gClár Oibre Eorpach um Nuálaíocht⁴, tá féachta ag an Aontas leis an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta sa rabharta nua nuálaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta i réimse na domhainteicneolaíochta. Ceann dá phríomhchuspóirí is ea rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, mar shampla, trí fhoinsí caipitil phríobháidigh nár baineadh leas astu a shlógadh agus trí rialacha liostaithe a shimpliú. Thairis sin, i mí an Mhárta 2023 ghlac an Coimisiún Creat Sealadach nua le haghaidh Géarchéime agus Aistrithe maidir le Státchabhair⁵. Tá níos mó solúbthachta ag na Ballstáit bearta tacaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme in earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú chuig an aeráidneodracht. Tá na Ballstáit ag leasú a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi láthair freisin chun Caibidlí REPowerEU⁶ a chur san áireamh, ar deis ríthábhachtach í chun tacaíocht láithreach a chur ar fáil do chuideachtaí agus chun borradh a chur faoina n-iomaíochas, gan spleáchais straitéiseacha nach bhfuil gá leo a chruthú.

Cé go gcuireann na réitigh sin tacaíocht thapa spriocdhírithe ar fáil, ní mór don Aontas freagairt níos struchtúrtha a thabhairt ar riachtanais infheistíochta a chuid tionscal. Mar a léirigh an tUachtarán von der Leyen san aitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022⁷, is gá a áirithiú go ndéanfar todhchaí na tionsclaíochta san Eoraip. Ina theannta sin, tá gá le comhchistiú Eorpach chun comhbheartas tionsclaíoch Eorpach a bhaint amach⁸. **Dá bhrí sin, an gá atá le hArdán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú.**

Ba cheart go gcuideodh an tArdán buntáiste a choinneáil ag an Eoraip maidir le teicneolaíochtaí criticiúla atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus maidir le teicneolaíochtaí den chineál sin atá a teacht chun cinn, idir theicneolaíochtaí a bhaineann leis an ríomhaireacht, lena n-áirítear an mhicrileictreonaic, an ríomhaireacht chandamach, agus an intleacht shaorga; agus bhith-theicneolaíocht agus bhithmhonarú, chomh maith le teicneolaíochtaí glan-nialasachta. D'aithin an Chomhairle Eorpach gur gá aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin agus mhol sí 'úsáid iomlán a bhaint as an gcistiú atá ar fáil agus as na hionstraimí airgeadais atá ann cheana agus iad a chur in úsáid ar bhealach níos solúbtha, chun tacaíocht thráthúil agus spriocdhírithe a chur ar fáil in earnálacha straitéiseacha gan difear a dhéanamh do chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe'⁹. Ar an gcaoi sin, ba cheart go gcabhródh STEP freisin le caipiteal príobháideach a shlógadh chun tacú le hiomaíochas na ngnólachtaí Eorpacha sna teicneolaíochtaí sin ar an leibhéal domhanda, as a dtiocfaidh fothú acmhainneachta intíre.

Is é an réiteach is éifeachtaí ná STEP a chur i gceolár bhuiséad an Aontais. Tá an t-aistriú chuig aeráidneodracht, athléimneacht agus teicneolaíochtaí digiteacha ina dtreoirphrionsabail den chreat airgeadais ilbhliantúil cheana féin: Tá 30 % den CAI dar luach EUR 2 thrilliún 2021-2027, lena n-áirítear cláir téarnaimh NextGenerationEU, á chaitheamh ar ghníomhaíochtaí ar son na haeráide agus tá níos mó ná 20 % den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tiomnaithe do bheartais dhigiteacha. Thairis sin, tacaíonn an Clár don Eoraip

⁴ Teachtaireacht maidir le Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht, COM(2022) 332 final.

⁵ Teachtaireacht maidir le Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta Státchabhrach (IO C 101, 17.3.2023, lch. 3).

⁶ Rialachán (AE) 2023/435 a mhéid a bhaineann le REPowerEU (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

⁷ https://state-of-the-union.ec.europa.eu/state-union-2022_ga

⁸ Óráid an 4 Nollaig 2022, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/es/speech_22_7487

⁹ Conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 23 Márta 2023, EUCO 4/23

Dhigiteach le teicneolaíocht dhigiteach a thabhairt do ghnólachtaí, do shaoránaigh agus d'údarais riaracháin phoiblí. Ina theannta sin, is é buiséad an Aontais an uirlis dheiridh atá ag an Aontas chun tacú leis an Margadh Aonair agus le gníomhaíocht choiteann lena mbaineann breisluach ar leibhéal an Aontais, rud a chinntíonn barainneachtaí scála, éifeachtachta, dlúthpháirtíocht agus teachtaireacht pholaitiúil shoiléir atá ag an Aontas le chéile agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin.

Tá cruthú STEP ailínithe go hiomlán leis na huailmhianta atá leagtha síos ag comhpháirtithe na hEorpa. Déanfaidh Acht um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe os cionn USD 360 billiún a shlógadh faoi 2032 (tuairim agus EUR 330 billiún). Is é is aidhm do phleananna claochlaithe ghlais na Seapáine suas le 20 trilliún (tuairim agus EUR 140 billiún) a ardú go JPY¹⁰. Tá Scéim Dreasachta Nasctha le Táirgeacht curtha chun cinn ag an India chun feabhas a chur ar an iomaíochas in earnálacha ar nós griannphainéil fhótavoltacha agus cadhnraí. Chuir an Ríocht Aontaithe, Ceanada agus a lán tíortha eile a gcuid pleananna infheistíochta i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta chun cinn freisin. Tá sé tábhachtach do na gníomhaithe uile a áirithiú go ndéanfar cistiú a dhearadh agus a chur chun feidhme ar an mbealach is lú is féidir saofa. Tá sé chomh tábhachtach céanna trédhearcacht agus plé ar fhóirdheontais thionsclaíocha a neartú go hidirnáisiúnta chun cothrom iomaíochta atá ann cheana — ach neamhiomlán — a chosaint agus a fheabhsú, cothrom iomaíochta ar tógadh rathúnas an Aontais agus rathúnas domhanda air.

Forléargas ar bhuiséad an Aontais don aistriú glas agus don aistriú digiteach

Tá roinnt cistí agus clár ag an Aontas ar an mbuiséad agus lasmuigh den bhuiséad chun tacaíocht a chur ar fáil do theicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, do theicneolaíochtaí glana agus do bhith-theicneolaíochtaí. Áirítear ar na hionstraimí sin go háirithe cistí an bheartais chomhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste Nuálaíochta, InvestEU, an Ciste Eorpach Cosanta agus Fís Eorpach:

- Tacaíonn an beartas comhtháthaithe leis an aistriú glas (EUR 110 billiún) agus leis an aistriú digiteach (EUR 36.6 billiún) sna Ballstáit agus sna réigiúin, lena n-áirítear EUR 85 bhilliún ar an iomlán faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), faoin gCiste Comhtháthaithe (CC) agus faoin gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) — príomhchistí an Aontais faoin mbeartas forbartha réigiúnaí — chun tacú le haistriú fuinnimh an Aontais.
- Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus REPowerEU, plean an Aontais chun an Eoraip a dhéanamh neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise, cuirtear deiseanna nach bhfacthas a leithéid riamh ar fáil do na Ballstáit chun infheistíochtaí agus athchóirithe glasa agus digiteacha a mhaoiniú.
- Leas a bhaint as an ioncam ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS)¹¹
 - Leis an gCiste don Nuachóiriú (EUR 60 billiún), cuirtear tacaíocht shuntasach ar fáil do 13 Bhallstát is tairbhíthe chun dlús a chur lena n-aistriú fuinnimh.
 - Leis an gCiste Sóisialta don Aeráid (EUR 86 bhilliún), cuirfear tacaíocht shuntasach ar fáil do na Ballstáit chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an aistrithe ghlais do ghrúpaí leochaileacha.

¹⁰ COM(2023) 62 final.

¹¹ Bunaithe ar phraghas carbóin EUR 80/tona CO₂eq

- Leis an gCiste don Nuálaíocht (EUR 43 billiún), cuirfear maoiniú ar fáil go dtí 2030 le haghaidh teicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, lena n-áirítear chun na teicneolaíochtaí sin a mhonarú, mar shampla chun cabhrú le tionscail dianfhuinnimh, chun gabháil agus stóráil carbóin a fhorbairt, chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint nó fuinneamh a stóráil ar bhonn nuálach.
- Rannchuidíonn InvestEU leis an aistriú glas agus leis an digitiú araon. Ar an iomlán, cuireann 30 % de ráthaíocht InvestEU (i.e. EUR 7.8 billiún) agus 60 % den Ionú Beartais um Bonneagar Inbhuanaithe (EUR 5.9 billiún) le cuspóirí aeráide. Ina theannta sin, táthar ag súil go bhféadfadh níos mó ná EUR 2 bhilliún rannchuidiú le cuspóirí digiteacha agus os cionn EUR 1 bhilliún le hinfheistíochtaí bith-theicneolaíochta agus le hinfheistíochtaí a bhaineann le cógais leighis.
- Le Fís Eorpach, príomhchlár taighde agus nuálaíochta an Aontais, díreofar EUR 20.2 billiún ar thaighde agus ar fhorbairt na teicneolaíochta glaine; EUR 11.5 billiún don bhith-theicneolaíocht agus do chógais, agus EUR 19.3 billiún do theicneolaíochtaí digiteacha.
- Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an gClár don Eoraip Dhigiteach, le leithdháileadh buiséid iomlán de EUR 7.6 billiún, do theicneolaíochtaí digiteacha.
- Leis an gCiste Eorpach Cosanta, a bhfuil buiséad EUR 8 mbilliún aige, tacaítear le taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíocht agus ar threalamh cosanta úrscothach idir-inoibritheach.

Cé go bhfuil maoiniú seasta á chur ar fáil ag an Aontas don aistriú glas agus don aistriú digiteach araon, is iondúil go mbíonn na cistí scaipthe ar fud cláir chaiteachais éagsúla agus de réir rialacha éagsúla. Ach ionstraimí agus creataí rialachais atá ann cheana a ghíaráil, cuirfear dlús leis an gcur chun feidhme agus beifear in ann méideanna níos airde tacaíochta airgeadais a shlógadh. Is é seo aidhm STEP.


Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

Cruthóidh STEP na dálaí is gá chun úsáid níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos spriocdhíritha a bhaint as cistí AE atá ann cheana agus, ag an am céanna, rannchuideofar le cothrom iomaíochta a bhaint amach sa Mhargadh Aonair agus, ar an gcaoi sin, comhtháthú a chosaint. Cuideoidh sé freisin le cistiú atá ann cheana a dhíriú ar na tionscadail ábhartha agus dlús a chur le cur chun feidhme i bhfothacar de réimsí a shaináithneofar mar réimsí atá rithabhachtach do cheannaireacht na hEorpa. Leis an rogha maidir le cuíchóiriú agus úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana maidir le hionstraim úrnua a chruthú, freagraítear ar an nglao ón gComhairle Eorpach agus tá trí phríomhbhuntaiste ag baint leis. Gcéad dul síos, uainiú. Le cruthú ionstraime nua a thógann ar a laghad 12 mhí go 18 mí, is féidir ionstraimí atá ann cheana a thabhairt le chéile i bhfad níos tapúla. Bheadh sé sin ina bhuntaiste doshéanta do thairbhíthe mhaoiniú an Aontais toisc go mbeadh an deis acu tairbhe a bhaint as maoiniú ón Aontas ar bhealach níos tapa. Ar an dara dul síos, dá ndéanfaí na hionstraimí atá ann cheana a oiriúnú, mhéadófaí na féidearthachtaí chun foinsí éagsúla maoinithe a chumasc — faoi bhainistíocht dhíreach agus faoi bhainistíocht chomhroinnte araon — rud a d'fhágfadh go mbainfí úsáid níos éifeachtúla as acmhainní. Agus ar deireadh, beidh sé níos simplí freisin do thionscnóirí tionscadail agus do bhainisteoirí clár cur leis na hionstraimí sin atá ann cheana. Le cabhair ón Tairseach Cheannasachta, déanfar an t-eolas ar fad faoi dheiseanna maoinithe a lárú. Ina theannta sin, cuirfidh sé teorainn leis an ualach riaracháin do thionscnóirí tionscadail agus do bhainisteoirí clár agus íoslaghdófar an riosca go mbeidh forluí idir ionstraimí.

Chuirfeadh STEP ar chumas an Aontais freagairt go tapa in aghaidh rioscaí do chuideachtaí atá rithabhachtach do shlabhraí luacha an Aontais agus breisiú a fhorbairt do thionscadail iltíre, amhail Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna), chun rochtain gach Ballstáit ar thionscadail den sórt sin a fheabhsú, agus comhtháthú a chosaint ar an gcaoi sin, agus an Margadh Aonair a neartú agus cur i gcoinne infhaighteacht mhíchothrom na Státchabhrach.

Ar an mbonn sin, tá trí chuspóir ag STEP:

1. Solúbthacht a sholáthar in ionstraimí atá ann cheana
2. Cumhacht na n-ionstraimí atá ann cheana a threisiú
3. Sineirgí a chruthú i measc na n-ionstraimí atá ann cheana



Solúbthacht a sholáthar sna hionstraimí atá ann cheana chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'infheistíochtaí ábhartha

Is iad na cistí comhtháthaithe an beartas aonair is mó de chuid an Aontais a mhaoinítear trí bhuiséad an Aontais. Chun na Ballstáit a dhreasú, molann an Coimisiún tosaíocht nua ar fud na mórchistí uile — Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe (CC) agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC). Molann an Coimisiún freisin na cistí sin a oscailt do chuideachtaí móra i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus i réigiúin níos forbartha sna Ballstáit a bhfuil OTI per capita acu atá faoi bhun mheán an Aontais, chun infheistíochtaí níos mó a scaoileadh i spriocréimsí STEP. Trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil i bhfoirm réamh-mhaoiniú níos airde agus maoiniú AE, moltar do na Ballstáit a gcláir a chur in iúl arís. Faoi na cistí sin, molann an Coimisiún réamh-mhaoiniú 30 % in 2024 chun glacadh agus maoiniú an Aontais a mhéadú go 100 % do thionscadail STEP.

Thairis sin, tá sé beartaithe solúbthachtaí breise a chur ar fáil chun go mbeidh na Ballstáit in ann cláir bheartas comhtháthaithe 2014-2020 a chur chun feidhme. Rinneadh an creat rialála le haghaidh chur chun feidhme chláir 2014-2020 don bheartas comhtháthaithe agus don Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) a oiriúnú cheana féin chun solúbthacht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na réigiúin i dtéarmaí rialacha cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe agus níos mó leachtachta chun dul i ngleic le

héifeachtaí phaindéim COVID-19 agus leis an gcogadh nó leis an ionsaí ar an Úcráin¹². Tá dóthain ama agus acmhainní riaracháin de dhíth chun na bearta sin, a tugadh isteach ag deireadh na clárthréimhse, a shaothrú agus a chur chun feidhme ina n-iomláine. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe síneadh 12 mhí a chur leis na sprioc-amanna maidir leis an doiciméadacht maidir le dúnadh a chur isteach faoin tréimhse 2014-2020. Ba cheart go gcabhródh sé sin leis na Ballstáit a mbeidh ualach oibre breise orthu atá nasctha le hathbhreithniú na gclár oibríochtúil chun críche STEP.

Chun na Ballstáit a dhreasú chun acmhainní a chur ar fáil do InvestEU, clár suaitheanta an Aontais chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dtionscail chriticiúla, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na haistrithe chuig InvestEU ó na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú ó 4 % go 10 %. Cuideoidh an tsolúbthacht bhreise sin chun úsáid a bhaint as acmhainní na mBallstát faoi InvestEU leo tairbhe a bhaint as struchtúir sheanbhunaithe agus as saineolas margaidh chomhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU, chun na cuideachtaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a roghnú agus a mhaoiniú. I ndáil leis sin, i gcás ina gcinneann Ballstát acmhainní a aistriú chuig urranna náisiúnta InvestEU chun táirge airgeadais InvestEU atá ann cheana a chur chun feidhme, táirge a d'fhorbair an Coimisiún le comhpháirtithe cur chun feidhme an Aontais agus le comhpháirtithe cur chun feidhme idirnáisiúnta le haghaidh urrann an Aontais, amhail Grúpa an Bhainc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon ionchur lánroghnach ag an mBallstát maidir le dearadh an táirge airgeadais, ní fhágann cinneadh den sórt sin go mbeidh dearadh an táirge airgeadais inchurtha i leith an Stáit agus, dá bhrí sin, níl státhabhair i gceist le cinneadh den sórt sin ann féin. Tá an méid sin gan dochar d'oibleagáid ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais a bheith comhsheasmhach le rialacha maidir le Státhabhair de bhun Airteagal 209(2)(c) den Rialachán Airgeadais.

Thairis sin, chun na ranníocaíochtaí a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hurrann an Bhallstáit de InvestEU agus lena ghlacadh a éascú, oiriúnóidh an Coimisiún an treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán (AE) 2021/241 chun a áirithiú gur féidir le táirgí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi Chiste InvestEU a léiriú, i gcás inarb infheidhme, nach ndearnadh dochar suntasach do na sé chuspóir comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 trí rialacha InvestEU a chur i bhfeidhm i gcomhar le beartais ábhartha an chomhpháirtí cur chun feidhme.


Ina theannta sin, áireofar tosaíochtaí nua STEP sa Chiste don Nuálaíocht, ar clár cistiúcháin é chun teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasachta a chur in úsáid; an Ciste Eorpach Cosanta, ar clár cistiúcháin é le haghaidh taighde agus forbairt na teicneolaíochta cosanta, agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) faoin gclár Fís Eorpach, arb é clár nuálaíochta suaitheanta na hEorpa é chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a shainaithint, a fhorbairt agus a mhéadú ó scála. Ina theannta sin, beidh CNE in ann tacaíocht chothromais amháin a sholáthar do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis.

¹² Leisna hacmhainní breise REACT-EU a eascraíonn as NextGenerationEU, tá méadú tagtha ar an gcistiú atá ar fáil in 2021 agus 2022 (gan cómhaoiniú náisiúnta riachtanach) chun cúnamh tapa a chur ar fáil do na Ballstáit chun leigheas dhíobháil na géarchéime agus téarnamh athléimneach a chothú. I measc na mbearta eile tá an pacáiste maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE), agus an Tionscnamh Tacaíochta d'Fhuinneamh Inacmhainne (SAFE). Féach Rialachán (AE) 2022/562 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1); Rialachán (AE) 2022/2039 a mhéid a bhaineann le Cúnamh Solúbtha do Chríocha (FAST-CARE) (IO L 275, 25.10.2022, lch. 23); agus Rialachán (AE) 2023/435 a mhéid a bhaineann le REPowerAE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

Tacaíocht chothromais d'earnálacha STEP

Ní mór do chuideachtaí atá ag lorg infheistíochtaí chun dul i mbun infheistíochta nó ar scála dul i ngleic le sraith fadhbanna idirnasctha, cuir i gcás caipiteal othar a dhaingniú, rochtain a fháil ar líonraí agus ar chumais chriticiúla má tá siad le fanacht san Eoraip agus dul san iomaíocht go héifeachtach sa rabharta nuálaíochta atá ann faoi láthair.

Fíor: Caipiteal fiontair de réir ceann scríbe agus de réir céime (2020-Q1 2023).



Foinse: Caipiteal fiontair domhanda — Dealroom Q1 2023 cothrom le dáta.

Tá dhá phríomhionstraim ag an Aontas lena gcuirtear tacaíocht chothromais ar fáil do chuideachtaí Eorpacha, eadhon Clár InvestEU agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach. Is é InvestEU clár suaitheanta an Aontais chun infheistíochtaí príobháideacha i ngeilleagar an Aontais a spreagadh. Cuirtear Ciste InvestEU ar fáil trí chomhpháirtithe cur chun feidhme, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI), a úsáideann táirgí airgeadais a sholáthraíonn tacaíocht fiachais (lena n-áirítear ráthaíocht), cothromais agus cuasachothromais do chuideachtaí agus do thionscadail atá ag feidhmiú in earnálacha atá ábhartha do cheannasacht na hEorpa.

Go háirithe, cuireann CEI dhá tháirge cothromais in úsáid ag a bhfuil leithdháileadh iomlán ráthaíochta EUR 5.2 billiún agus punann tháscach EUR 8.7 billiún, atá dírithe ar thaighde, forbairt, tráchtálú agus scálú teicneolaíochtaí glana nó réitigh inbhuanaitheachta comhshaoil agus tionscadail bhonneagair dhigiteacha agus inbhuanaithe. Faoi lár 2030, d'fhormheas CEI níos mó ná 100 infheistíocht i gcistí a bhfuiltear ag súil leis go slógfaidh sé beagnach EUR 30 billiún d'infheistíocht. Cuireann BEI tacaíocht de chineál cothromais ar fáil faoi tháirgí fiachais fiontair agus téamacha ardriosca, ag díriú inter alia ar an aistriú glas, ar theicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha agus ar eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin.

Is iad na cineálacha tacaíochta is féidir a sholáthar trí CNE maoiniú cumaiscthe, deontas amháin agus cothromas amháin faoi choinníollacha áirithe. I gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana, is féidir tacaíocht chothromais amháin a chur ar fáil do FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a bhfuil tacaíocht de chineál deontais amháin faighte acu cheana féin. Leis an tionscnamh seo, leathnaítear an sainmhíniú sin trí chead a thabhairt cothromas amháin a sholáthar do FBManna neamhiontaofa ó thaobh brabúis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a dhéanann nuálaíocht cheannródaíoch shuaiteach i dteicneolaíochtaí criticiúla agus beag beann ar cibé acu a fuair nó nach bhfuair siad cineálacha eile tacaíochta roimhe sin ó Luasaire CNE. Chuirfeadh an síneadh atá beartaithe tacaíocht chothromais amháin ar fáil do chuideachtaí

ardriosca, cuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíríonn ar infheistíochtaí sa raon idir EUR 15 agus 50 milliún agus lena spreagfaí babhtaí maoiniúcháin le comhinfeistear sa raon idir EUR 50 agus 250 milliún.

Bunaíodh CNE faoi Fís Eorpach chun tacaíocht a shainathint agus a mhéadú ó scála le haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí ceannródaíocha, ag díriú ar riosca níos airde, cuideachtaí ag céim níos luaithe. Príomhghné de CNE is ea Ciste CNE, a ceapadh chun dul i ngleic le rioscaí nach rachaidh an margadh ina aonar agus a dhúnann bearna maoinithe chriticiúil do chuideachtaí teicneolaíochta doimhne. Tá Ciste CNE ag feidhmiú go hiomlán ó fhómhar 2022 agus tá os cionn 130 cinneadh infheistíochta déanta aige cheana féin. Mar sin féin, ní féidir le Ciste CNE freastal ar riachtanais líon méadaitheach cuideachtaí a dteastaíonn babhtaí maoiniúcháin leantacha nó méideanna infheistíochta níos mó uathu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhfuil ardriosca fós ag baint leo ach a dteastaíonn méideanna móra caipitil uathu freisin chun an margadh a bhaint amach. Chomhlíonfadh urrann nua Chiste CNE na riachtanais le haghaidh méideanna infheistíochta níos mó (os cionn EUR 15 mhilliún), chomh maith le hionstraimí agus táirgí airgeadais eile de chuid an Aontais a chomhlánú, lena n-áirítear iad siúd faoi Invest EU.

Tá an t-éileamh ar infheistíochtaí i dteicneolaíocht dhomhain san Eoraip fós láidir, agus fuarthas os cionn 5000 iarratas sa chéad dá bhliain d'oibríocht CNE agus tacaíocht do bhreis agus 400 cuideachta mar thoradh air sin. Astu sin, moladh 245 chuideachta le haghaidh meascán uathúil de dheontas neamhchaolaitheach in éineacht le hinfeistíocht trí CNE agus tá moladh infheistíochta de EUR 5 mhilliún nó níos mó faighte ag 131 de na cuideachtaí sin. Meastar go mbeidh maoiniú leantach de EUR 25-35 mhilliún ar an meán de dhíth ar thart ar 25 % de na cuideachtaí ar bronnadh infheistíocht os cionn EUR 5 mhilliún orthu ó CNE: ionadaíocht a dhéanamh ar phíblíne de 20-30 cuideachta in aghaidh na bliana¹³ a éilíonn EUR 0.5 go 1 bhilliún in aghaidh na bliana.

Bunaithe ar an taithí atá ag CNE faoi láthair, dhéanfaidh an infheistíocht sin, a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, infheistíocht phríobháideach bhreise a ghíaráil suas le cúig huaire agus, dá bhrí sin, thabharfaí aghaidh go suntasach ar an mbearna sa mhargadh. Gan tacaíocht bhreise, d'fhéadfadh go leor de na cuideachtaí sin athlonnú lasmuigh den Eoraip chun rochtain a fháil ar bhabhtaí móra maoiniúcháin nó d'fhéadfadh iomaitheoirí tríú tíortha iad a mhaoiniú ar bhealach níos fearr.

Cumhacht na n-ionstraimí atá ann cheana a threisiú chun dlús a chur le hinfeistíochtaí ábhartha

Ó thaobh acmhainní de, tá sé beartaithe suim iomlán bhreise de EUR 10 mbilliún a leithdháileadh chun tacú le scéimeanna infheistíochta AE atá ann cheana agus atá dea-chruthaitheach agus atá dírithe ar infheistíochtaí STEP a neartú, agus ag an am céanna na cuspóirí comhtháthaithe a chaomhnú agus cur le cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair trí dháileadh cothrom geografach na dtionscadal a mhaoinítear faoi STEP trí shainorduithe faoi seach na gclár rannpháirteach, agus aird á tabhairt ar chineál éileamh-bhunaithe clár cur chun feidhme áirithe.

InvestEU

Tá an t-imscaradh ar an mbóthar ceart agus 85 % den ráthaíocht tosaigh ar conradh cheana féin le comhpháirtithe cur chun feidhme, arb ionann é agus EUR 22.3 billiún. Léiríonn ionsú tapa ráthaíocht AE an leas mór atá ag an margadh maidir leis na deiseanna cistiúcháin a

¹³ Tá an figiúr sin bunaithe ar dhámhachtainí cistiúcháin Luasaire CNE in 2021-22.

chuireann InvestEU ar fáil. Leis sin, iarrtar ráthaíocht AE a threisiú le EUR 7.5 billiún breise; beidh gá le breisiú airgeadais EUR 3 bhilliún le ráta soláthair 40 %. Ba cheart an ráthaíocht bhreise sin a úsáid go heisiach do thionscadail a rannchuidíonn le tosaíochtaí STEP agus d'fhéadfadh sí suas le EUR 75 billiún d'infheistíochtaí a spreagadh le hiolraitheoir 10 ar an meán.

Socrófar ionú beartais nua STEP faoi InvestEU chun méid breise ráthaíochta buiséadaí a sholáthar do na comhpháirtithe cur chun feidhme, lena n-imscairfiar fiachas (lena n-áirítear ráthaíochtaí) agus táirgí airgeadais cothromais do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus do thionscadail sna hearnálacha a fhaigheann tacaíocht ó STEP, lena n-áirítear infheistíocht i slabhraí monaraíochta agus soláthair. Déanfaidh InvestEU infheistíocht bhreise a ghiaráil, go háirithe ón earnáil phríobháideach, trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha sna hearnálacha a bhfuil STEP dírithe orthu. Dá bhrí sin, is féidir le InvestEU tacú le tionscadail a thagann faoi Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) de réir bhrí Airteagal 107(3)(b) CFAE agus a atreisiú tríd an gcúigiú ionú, dá bhrí sin, cuirfear feabhas ar an bhféidearthacht atá aige déanamh amhlaidh i gcás tionscadail chriticiúla laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm STEP.

An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach

Is é CNE an bealach is mó chun síolchaipiteal a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta atá ag fás go tapa. I bhfianaise an tsaineolais atá aici, tá CNE an-oiriúnach chun an cistiú a threisiú i gcuideachtaí a bhfuil caipiteal méadaithe á lorg acu tar éis na chéad chéime nuálaíochta. Le breisithe buiséadacha EUR 0,5 billiún mar aon le EUR 2,13 billiún ó athshannadh agus saoradh, cuirfear ar chumas CNE infheistíochtaí cothromais idir EUR 15 mhilliún agus EUR 50 milliún nach bhfacthas a leithéid riamh a chur ar fáil le haghaidh ticéad. Le hiolraitheoir 5 ar an meán, d'fhéadfadh EUR 13 bhilliún de thacaíocht chothromais úr a bheith mar thoradh air sin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

An Ciste don Nuálaíocht

Tá an Ciste don Nuálaíocht, a mhaoinítear trí lamháiltais a chur ar ceant faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus teicneolaíochtaí nuálacha a chur ar fáil. Is é is aidhm dó réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus chun díriú ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis atá an-nuálach. Tá an sprioc chun na dreasachtaí airgeadais cearta a chruthú do chuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht ghlan agus chun iad a chumhachtú le bheith ina gceannairí domhanda teicneolaíochta glaine ailínithe go hiomlán le cuspóirí STEP. Chun freagairt do na riachtanais nuálaíochta atá ag dul i méid chun iomaíochas an Aontais ar mhargaí domhanda a choinneáil, ba cheart EUR 5 bhilliún a chur le méid an Chiste don Nuálaíocht. I gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhtháthú a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas agus le teicneolaíochtaí glana a fhorbairt ar fud an Aontais, cuirfear an t-imchlúdach airgeadais breise ar fáil trí ghlaonna ar thograí a bheidh ar oscailt d'eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir chaighdeán chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017. Agus an taithí go dtí seo á cur san áireamh, ba cheart go mbeadh infheistíochtaí foriomlána de thart ar EUR 20 billiún mar thoradh air sin.

An Ciste Eorpach Cosanta

Tá príomhthábhacht leis an gCiste Eorpach Cosanta i dtaca le hiomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus uathriail theicneolaíoch thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú, rud a chuireann le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais. Tacaíonn sé freisin leis an gcomhar trasteorann idir na Ballstáit chomh maith le comhar idir fiontair, lárionaid taighde, riaracháin náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ollscoileanna ar fud an Aontais, i gcéimeanna taighde agus forbartha táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta araon. Chun freagairt do riachtanais atá ag dul i méid, ba cheart EUR 1.5 billiún a chur leis an gCiste Eorpach Cosanta. Agus an taithí theoranta go dtí seo á cur san áireamh, d'fhéadfadh infheistíochtaí foriomlána de thart ar EUR 2 bhilliún a bheith mar thoradh air sin.

I dteannta a chéile, is féidir a bheith ag súil go mbeidh infheistíochtaí breise de thart ar EUR 110 billiún sna teicneolaíochtaí criticiúla a chumhdaítear faoi STEP mar thoradh ar atreisiú na gceithre chlár agus ionstraim roimhe seo (InvestEU, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, an Ciste Eorpach um Nuálaíocht, an Ciste Eorpach Cosanta).

Trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil i gcistí an bheartais chomhtháthaithe i bhfoirm réamh-mhaoiniú agus cómhaoiniú níos airde, moltar do na Ballstáit a gláir a chur in iúl arís. Mar thoradh ar gach 5 % d'athchlárú i dtreo thosaíochtaí STEP, cuirtear EUR 18.9 billiún d'acmhainní ar fáil, sa bhreis ar EUR 6 bhilliún a bheidh le híoc as an gCiste um Aistriú Cóir. Is ionann an méadú ar an uasteorainn faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun acmhainní a úsáid le haghaidh táirgí InvestEU trína urranna náisiúnta agus solúbthacht bhreise EUR 30 billiún a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do na Ballstáit le haghaidh infheistíochtaí ceannasachta den sórt sin.

Ar an iomlán, d'fhéadfadh suas le EUR 160 billiún a bheith i gceist le méid iomlán measta na n-infheistíochtaí nua trí STEP.

Sineirgí a chruthú i measc ionstraimí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'infheistíochtaí ábhartha

Chun rochtain a fháil ar na cistí sin, beidh cuideachtaí agus tionscnóirí tionscadail in ann féachaint ar shuíomh gréasáin nua atá ar fáil go poiblí ('Tairseach Cheannasachta'). Cuirfear faisnéis ar fáil sa Tairseach seo faoi dheiseanna maoinithe ábhartha leis na glaonna leanúnacha agus na glaonna atá ar na bacáin faoi chlár an Aontais a rannchuidíonn le cuspóirí STEP chomh maith le treoir agus teagmhálacha leis na moil chomhairleacha atá ann cheana.

Thairis sin, bronnfar 'Séala Ceannasachta' ar thionscadail a rannchuidíonn le cuspóirí STEP, ar choinníoll go ndearnadh measúnú ar an tionscadal agus go gcomhlíonann sé na híoscheanglais cháilíochta, go háirithe critéir incháilitheachta, eisiaimh agus dámhachtana, arna soláthar le glao ar thograí faoin glár Fís Eorpach, faoin glár don Eoraip Dhigiteach, faoin glár EU4Health, faoin gCiste Eorpach Cosanta nó faoin gCiste Nuálaíochta, agus gan beann ar chistí a bheith faighte ag an tionscadal faoi na hionstraimí sin. Bunófar na híoscheanglais cháilíochta sin d'fhonn tionscadail ar ardchaighdeán a shainaitheint. Leis an Séala seo, tugtar deis uathúil chun tógáil ar na próisis mheastóireachta ardcháilíochta is infheidhme faoi na hionstraimí sin. Úsáidfear an Séala sin mar lipéad cáilíochta agus cuideoidh sé le tionscadail infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh trína dheimhniú go gcuireann sé le cuspóirí STEP agus, dá bhrí sin, trína threorú do rannpháirtithe sa mhargadh ina gcinntí infheistíochta. Ina theannta sin, cuirfidh an Séala rochtain níos fearr ar chistiú agus ar mhaoiniú an Aontais chun cinn, go háirithe trí chistiú carnach nó cistiú comhcheangailte ó roinnt ionstraimí de chuid an Aontais a éascú. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát, mar shampla, tacaíocht ó CFRE agus ó CSE+ a dheonú do thionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu go díreach, faoi réir chomhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

Tá an Coimisiún ag obair freisin chun sineirgí a áirithiú idir rialacha an Chiste Nuálaíochta agus na rialacha maidir le Státchabhair chun próiseas níos cuíchóirithe a áirithiú. Déanfaidh an Coimisiún critéir a ailíniú tuilleadh agus próisis a chuíchóiriú chun a áirithiú go ndéanfar an cinneadh maidir le Státchabhair ag an am céanna leis an gcinneadh cistiúcháin ón gCiste Nuálaíochta, ar choinníoll go dtabharfaidh an Ballstát fógra iomlán in am trátha. Tá measúnú á dhéanamh ar shineirgí den sórt sin freisin le haghaidh ionstraimí roghnaithe eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Ciste CNE.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis na Ballstáit maidir le togra chun rátaí níos airde cabhrach a chumasú trí bhónas do thionscadail a thagann faoi raon feidhme STEP i réigiúin a fhaigheann cúnamh chun tuilleadh forbartha eacnamaíche a spreagadh, agus cuspóirí comhtháthaithe á gcaomhnú ag an am céanna.

Ba cheart na húdaráis atá i gceannas ar chlár a thagann faoi STEP a spreagadh freisin chun machnamh a dhéanamh ar thacaíocht do thionscadail straitéiseacha arna sainaitheint i gcomhréir leis an Tionscal Glan-nialasachta agus leis na hAchtanna um Amhábhair Chriticiúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2 den Rialachán, faoi réir chomhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

STEP- ag díriú ar infheistíochtaí

Chun go n-éireoidh leis, ba cheart don STEP díriú ar líon beag limistéar infheistíochta atá spriocdhírthe ach atá dírithe go maith. Ba cheart don Ardán imeall Eorpach a áirithiú agus a chaomhnú maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus maidir le monaraíocht ghaolmhar sna réimsí seo a leanas¹⁴: **teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, teicneolaíochtaí glana, agus bith-theicneolaíochtaí**. Dá bhrí sin, dhíreodh raon feidhme STEP ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn, rud a thacódh le taobh na monaraíochta agus na slabhraí luacha araon.

Teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha

Is í an nuálaíocht, agus go háirithe a rabharta nua nuálaíochta ardteicneolaíochta, an freagra Eorpach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, chun ár ngeilleagair a dhéanamh níos digítí agus chun soláthar agus slándáil bia, fuinnimh agus amhábhair slán na hEorpa a ráthú. Nuálaíocht domhainteicneolaíochta atá fréamhaithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht cheannródaíoch, lena gcomhcheanglaítear go minic an dul chun cinn sna réimsí fisiceacha, bitheolaíocha agus digiteacha, agus a d'fhéadfadh réitigh chlaochlaitheacha a sholáthar lena dtabharfaí aghaidh ar dhúshlán dhomhanda. D'fhéadfadh na nuálaíochtaí sin an nuálaíocht a spreagadh ar fud an gheilleagair agus na sochaí, agus ar an gcaoi sin timpeallacht ghnó an Aontais a athrú ó bhonn.

Tá sé d'aidhm ag an gClár Oibre Eorpach um Nuálaíocht cheana féin an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta sa rabharta nua den nuálaíocht dhomhain ardteicneolaíochta agus de ghnólachtaí nuathionscanta. Ceann dá phríomhchuspóirí is ea rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, mar shampla, trí fhoinsí caipitil phríobháidigh nár baineadh leas astu a shlógadh agus trí rialacha liostaithe a shimpliú.

¹⁴ I gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht, d'fhéadfadh nuálaíocht dhomhain teicneolaíochta nuálaíocht a spreagadh ar fud an gheilleagair agus na sochaí. Sa Teachtaireacht maidir le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais, leagadh béim ar an teicneolaíocht ghlan, ar an mbith-theicneolaíocht agus ar an teicneolaíocht dhigiteach mar phríomhréimsí ábhartha don todhchaí mar gheall ar a acmhainneacht ardfháis agus táirgiúlacht saothair níos airde.

Chuirfeadh STEP gné eile le gealltanas an AE maidir leis an gclár oibre seo a bhaint amach. Stiúrfaidh an tAontas tuilleadh maoinithe, agus saineoidh sé treoir shoiléir infheistíochta freisin. Tabharfaidh sé sin tuilleadh tacaíochta d'infheistíochtaí teicneolaíochta doimhne san Eoraip, ar mhaithe le geilleagair an Aontais agus leis an tsochaí ina hiomláine.

Tá tionchar domhain ag na teicneolaíochtaí digiteacha ar iomaíochas gheilleagar an Aontais ina iomláine, arae cuireann siad borradh faoin éifeachtúlacht agus faoin nuálaíocht. Tá ríthábhacht don iomaíochas agus don táirgiúlacht, ar an iomlán, le glacadh na dteicneolaíochtaí sin agus lena gcomhtháthú ar fud an gheilleagair¹⁵. Chun a cheannaireacht thionsclaíoch a choinneáil, ní mór don Aontas ról ceannasach a bhaint amach i bpríomhtheicneolaíocht dhigiteach.

Teicneolaíochtaí glana

Is éard atá i gceist le hiomaíochas an Aontais in earnáil an fhuinnimh ghlain an cumas fuinneamh glan inacmhainne, iontaofa agus inrochtana a tháirgeadh agus a úsáid agus dul san iomaíocht i margaí domhanda an fhuinnimh ghlain, agus é mar aidhm fhoriomlán leis sin tacú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht agus tairbhe a thabhairt do gheilleagar agus do dhaoine an Aontais. Tá dúshlán theicneolaíoch agus neamhtheicneolaíoch os comhair an Aontais faoi láthair, amhail praghsanna arda fuinnimh, suaitheadh sa slabhra soláthair amhábhhar criticiúil agus ganntanas scileanna. Ach iomaíochas earnáil fuinnimh ghlain an Aontais a neartú, cuideofar le ceannaireacht teicneolaíochta an Aontais a mhéadú, agus cruthófar córas fuinnimh níos athléimní, níos neamhspleáiche, níos sláine agus níos inacmhainne a mbeidh gá leis chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Sa chomhthéacs sin, sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, cuireadh plean cuimsitheach i láthair chun iomaíochas thionscal glan-nialasachta na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht; agus leis an nGníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta¹⁶, bunaítear creat beart chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochtaí fuinnimh glan-nialasacha na hEorpa a neartú.

Ó 2020 i leith, tá tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hiomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain ina léirítear an staid reatha agus réamh-mheasta maidir le teicneolaíochtaí agus réitigh fuinnimh éagsúla atá glan agus ísealcharbóin. De réir Thuarascáil 2022 ar Dhul Chun Cinn maidir leis an Iomaíochas¹⁷, a fhoilsíonn an Coimisiún i gcomhthéacs Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, 'Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a fhástar sa bhaile a fhorbairt agus a chur in úsáid go pras san Aontas chun freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair ar bhealach costéifeachtach, neamhdhíobhálach don aeráid agus cothrom ó thaobh na sochaí de'. Deimhnítear sa tuarascáil freisin go bhfuil tábhacht ríthábhachtach ag baint le tuilleadh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i dtaighde agus nuálaíocht i réimse an fhuinnimh ghlain, i méadú agus in úsáid inacmhainne. Tá ról ríthábhachtach ag creataí rialála agus airgeadais an Aontais sa chás seo. I dteannta chur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh um Nuálaíocht nua, tá ríthábhacht le cláir chistiúcháin de chuid an Aontais, le comhar feabhsaithe idir na Ballstáit agus le faireachán leanúnach ar ghníomhaíochtaí T&N náisiúnta, maidir le héiceachóras T&N de chuid an Aontais a dhearadh, éiceachóras a d'imreodh tionchar, agus maidir leis an mbearna a

¹⁵ Teachtaireacht maidir le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais: ag breathnú thar 2030, COM(2023) 168 final.

¹⁶ Togra le haghaidh rialacháin lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú, COM(2023) 161 final.

¹⁷ Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hiomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, COM(2022) 643 final.

dhruidim idir taighde agus nuálaíocht agus an glacadh sa mhargadh, agus dá réir sin maidir le hiomaíochas an Aontais á threisiú.

Bith-theicneolaíochtaí

Tá an bhitheicneolaíocht agus an bhithmhonaraíocht ríthábhachtach chun tionscal na hEorpa a nuachóiriú. Úsáidtear iad in earnálacha tionsclaíocha éagsúla amhail cúram sláinte agus cógaisíocht, talmhaíocht, ábhair, agus an bithghilleagar. Trí leas iomlán a bhaint as an mbith-theicneolaíocht, is féidir cabhrú le fás ghilleagar an Aontais agus poist nua a chur ar fáil, agus ag an am céanna tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an tsláinte phoiblí agus le cosaint an chomhshaoil.

Tá sé cruthaithe ag paindéim an choróinvíris a thábhachtaí atá an bhith-theicneolaíocht le monaróirí vacsaíní a raibh ról lárnach aici maidir le cúlú na paindéime. Agus cé go bhfuil an Eoraip fós ar thús cadhnaíochta i nuálaíocht na heolaíochta beatha, tá a tionscal bith-theicneolaíochta fós thart ar an gceathrú cuid de mhéid na Stát Aontaithe ó thaobh líon na gcuideachtaí agus luach an mhaoinithe fiontair araon¹⁸. Ina theannta sin, meastar go bhfuil an maoiniú — ag na céimeanna is luaithe agus níos déanaí — níos teoranta san Eoraip ná sna Stáit Aontaithe. Cuireann sé sin srian ar chumas cuideachtaí infheistíocht a dhéanamh i bpíblínte éagsúlaithe níos mó agus fágann sé iad ag brath ar a n-infheisteoirí tosaigh.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais treochlár an Aontais chun iomaíochas fadtéarmach thionscal na hEorpa a dhaingniú agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Léiríonn an tAcht um an Tionscal Glan-nialasachta a lámh rialála. Féachtar leis an ngníomh lena chinntiú go mbeidh sé níos simplí agus níos gasta tionscadail straitéiseacha Eorpacha a cheadú, a chur chun cinn, agus caighdeán a fhorbairt chun tacú le méadú na dteicneolaíochtaí ar fud an Mhargaidh Aonair. Comhlánaítear é leis an Acht um Amhábhair Chriticiúla¹⁹, chun rochtain leordhóthanach a áirithiú ar na hábhair sin, amhail tearc-chré, atá ríthábhachtach do theicneolaíochtaí monaraíochta atá ríthábhachtach don dá aistriú. Príomhionstraim eile chun tacú le hiomaíochas thionscal na hEorpa is ea an Gníomh Eorpach um Shliseanna²⁰. Féachann sé le teacht aniar na hEorpa i dteicneolaíochtaí agus feidhmchláir leathsheoltóra a threisiú, agus borradh a chur faoi sciar an Aontais de mhargadh domhanda na micrishiiseanna.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tagann an togra faoi iarrachtaí foriomlána an Aontais chun claochlú glas agus digiteach a gheilleagair a chinntiú. Cuireann sé le cuspóirí codanna den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’²¹ lena ndírítear ar thionscal an Aontais a dhícharbónú.

Rannchuideoidh an togra freisin le hathléimneacht agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais trí chumas an Aontais a neartú a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla, lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, rud atá ríthábhachtach chun tacú le forbairt earnálacha eile den gheilleagar.

¹⁸ Gong J., Romet-Lemonne J-L., Houser B., ‘Bridging the gap between innovation and later-stage financing for biotech in Europe’ [An bhearna idir an nuálaíocht agus maoiniú níos déanaí don bhith-theicneolaíocht san Eoraip], *Nature Reviews Drug Discovery* 22, 2023, lgh. 438-439.

¹⁹ Togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhair criticiúil a áirithiú, COM(2023) 160 final.

²⁰ Togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú, COM(2022) 46 final.

²¹ Teachtaireacht maidir le Oiriúnach do 55, COM(2021) 550 final; agus tograí a ghabhann leis.

Braitheann sé ar bheartais an Aontais atá ann cheana lena bhféachtar leis an gcuspóir céanna a bhaint amach — ó chomhtháthú, trí infheistíochtaí téarnaimh go maoiniú taighde agus nuálaíochta — lena bhféachtar le tacú le geilleagar na hEorpa agus cistí an Aontais a dhíriú i dtreo an chlaohlaithe ghlais agus dhigitigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Leis an Rialachán seo, saothraítear an cuspóir ginearálta maidir le creat dlíthiúil a bhunú a thacaíonn le cistí an Aontais a dhíriú ar thionscadail STEP. Bainfear amach cuspóirí STEP trí na cláir seo a leanas:

- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC), a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2021/1058²²; an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/1056²³; Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), arna bhunú faoi Rialachán 2021/1057²⁴; Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) 2021/1060.²⁵
- An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, arna bunú faoi Rialachán (AE) 2021/241²⁶.
- InvestEU, arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/523²⁷
- An Eoraip Dhigiteach, a bunaíodh faoi Rialachán 2021/694²⁸; Fís Eorpach, arna bhunú faoi Rialachán 2021/695²⁹; An Ciste Eorpach Cosanta, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/697³⁰ agus faoin gCiste don Nuálaíocht, a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE³¹.
- Cuirfear STEP chun feidhme freisin laistigh den chlár EU4Health, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/522³², maidir leis an gcuspóir forbairt bith-theicneolaíochtaí san Aontas a threisiú.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéid thuas, is iad Airteagal 164, Airteagal 173, Airteagal 175(3), Airteagal 176, Airteagal 177, Airteagal 178, Airteagal 182(1) agus Airteagal 192(1) na bunúis dlí ábhartha chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú astu féin, de bhrí go bhfuil gné thrasteorann ar na fadhbanna agus nach bhfuil siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar de Bhallstáit. Díreann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí inar féidir a léiriú go bhfuil breisluach ag gabháil le gníomhú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí atá riachtanach sa Mhargadh Aonair.

²² IO L 224, 24.6.2021, lch. 31.

²³ IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.

²⁴ IO L 231, 30.6.2021, lch. 21.

²⁵ IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.

²⁶ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

²⁷ IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

²⁸ IO L 166, 11.5.2021, lch. 1.

²⁹ IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.

³⁰ IO L 170, 12.5.2021, lch. 149.

³¹ IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

³² IO L 107, 26.3.2021, lch. 1.

Thairis sin, i bhfianaise na ndúshlán atá ann maidir le dlús a chur le himscaradh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus digiteacha, tá an idirghabháil ar leibhéal an Aontais ina chuidiú le freagairtí a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an Aontais maidir le hacmhainneachtaí monaraíochta breise le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus chun spleáchais struchtúracha a chosc. Is léir gur féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais gníomhaithe Eorpacha a thiomáint i dtreo fíis choiteann agus straitéis choiteann cur chun feidhme. Tá sé sin ríthábhachtach chun barainneachtaí scála agus raon feidhme a ghiniúint agus chun mais chriticiúil a ghiniúint atá riachtanach chun monaraíocht teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha a mhéadú san Aontas, agus ag an am céanna ilroinnt na n-iarrachtaí a theorannú, míchothromaíochtaí réigiúnacha a dhoimhniú agus rásaí fóirdheontais féindochracha idir na Ballstáit.

- **Comhréireacht**

Tá an togra ceaptha chun cuidiú le héiceachóras monaraíochta a fhorbairt trí bhearta chun infheistíochtaí a éascú. Is é an cuspóir tacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta níos fadtéarmaí thionscal na hEorpa trí chumais mhonaraíochta, tríd an riosca a bhaint d'infheistíochtaí i dtionscadail straitéiseacha, agus trí ghnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna.

Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach. Níl struchtúr nua ciste i gceist le STEP ach braitheann sé ar ionstraimí cistiúcháin AE atá ann cheana agus tá na hacmhainní breise atá beartaithe comhréireach leis an ngá atá ann dlús a chur le hinfeistíochtaí Ardáin sa ghearrthéarma.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán, sin é an ionstraim iomchuí, mar go bhforáiltear leis rialacha is infheidhme go díreach maidir leis an tacaíocht.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go sonrach. Cuirtear san áireamh sa tionscnamh seo comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a rinneadh chun tionscnaimh ghaolmhara eile a ullmhú, amhail an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, an Clár Oibre Eorpach um Nuálaíocht, an pacáiste 'Oiriúnach do 55', an Gníomh Eorpach um Shliseanna, agus Compás na Deacáide Digití. Thairis sin, bíonn teagmháil rialta sheanbhunaithe ag an gCoimisiún Eorpach le geallsealbhóirí tionscail, leis na Ballstáit agus le comhlachais trádála, rud a d'fhág gur féidir aiseolas a bhailiú a bhaineann leis an togra.

- **Measúnú tionchair**

Ní chruthaítear ionstraim nua leis an togra seo ach cuirtear chun feidhme é trí uirlisí atá ann cheana faoi bhuiséad an Aontais, a leasaítear chun gur féidir acmhainní infheistíochta a úsáid ar bhealach níos fearr i dteicneolaíochtaí criticiúla. Rinneadh measúnú tionchair ar na huirlisí sin atá ann cheana, amhail cistí comhtháthaithe, InvestEU agus Fís Eorpach³³. Thairis sin,

³³ Go háirithe CFRE agus CC (SWD(2018) 282 final), CSE+ (SWD(2018) 289 final), InvestEU (SWD(2018) 314 final), agus Fís Eorpach (SWD(2018) 307 final).

cuireann an togra leis na tograí atá ann cheana a ndearnadh anailís tionchair orthu, amhail an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Clár Oibre Eorpach um Nuálaíocht, pacáiste ‘Oiriunach do 55’, an Gníomh Eorpach um Shliseanna, agus an Compás na Deacáide Digítí chomh maith leis an measúnú ar riachtanais infheistíochta a foilsíodh an 23 Márta 2023. Cumhdaítear leis an anailís sin, a dhéantar i measúnuithe tionchair nó i ndoiciméid oibre foirne anailíseacha³⁴, na tionchair is suntasaí atá ag an togra seo. Ar an gcúis sin, níl gá le measúnú tionchair eile. Léirítear sa mheabhrán míniúcháin freisin an measúnú *ex ante* a rinne an Coimisiún i ndáil leis an tacaíocht cothromais amháin atá le soláthar faoi CNE le haghaidh FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl baint ag an togra le hoiriúnacht rialála agus le simpliú ach tá roinnt forálacha ann chun cur chun feidhme na n-ionstraimí AE atá ann cheana a shimpliú. Coinníodh na ceanglais tuairiscithe chomh híseal agus is féidir chun an t-ualach riaracháin ar údaráis agus ar chuideachtaí na mBallstát a theorannú, agus gan an bonn a bhaint de phrionsabail na bainistíochta fóna airgeadais ag an am céanna.

- **Ceartha bunúsacha**

Foráiltear le hAirteagal 15 den Chairt don tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus don cheart chun obair a dhéanamh. Trí thacú le hiomaíochas thionscal na hEorpa, áiritheofar fás eacnamaíoch agus cinnteofar go leanfaidh sé de dheiseanna fostaíochta a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chónaitheoirí an Aontais.

Déantar foráil in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Leis na bearta faoin togra seo, tacaítear le cruthú acmhainneachta nuálaíochta agus le himscaradh teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, rudaí ar féidir leo treisiú a dhéanamh ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tiocfaidh réamh-mhaoiniú breise den togra, réamh-mhaoiniú atá le híoc faoi CUAC in 2024 agus a bheidh á mhaoiniú ag Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh Next Generation EU. Beidh réamh-mhaoiniú breise mar thoradh air freisin a bheidh le híoc faoi CFRE, CC agus CSE+ in 2024 le haghaidh méideanna atá clársceidealaithe faoi thosaíochtaí atá tiomnaithe d’oibríochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP a neartú. Na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe breise le haghaidh CUAC in 2024, is ó ioncain shannta sheachtracha amháin a mhaoineofar iad agus beidh mar thoradh orthu go ndéanfar tús-ualú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta NGEU ón mbliain 2026 go dtí an bhliain 2024. Beidh na méideanna ar fad ar fáil mar ioncain shannta sheachtracha, de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a eascraíonn as oibríochtaí iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais, Next Generation EU.

Beidh tús-ualú leithreasuithe íocaíochta go dtí 2024 mar thoradh ar na híocaíochtaí breise réamh-mhaoinithe do CFRE, CC agus CSE+ in 2024 agus tá siad neodrach ó thaobh an bhuiséid de le linn na tréimhse 2021-2027. Níor beartaíodh an réamh-mhaoiniú breise sin sa dréachtbhuiséad. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na méideanna arna gclársceidealú ag

³⁴ SWD(2023) 161 final, SWD(2022) 187 final, SWD(2020) 176 final, SWD(2022) 147 final, agus SWD(2021) 247 final, agus SWD(2023)68 final, faoi seach.

na Ballstáit faoi thosaíochtaí atá tiomnaithe d'oibríochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP agus déanfaidh sé measúnú ar a dtionchar ar na riachtanais íocaíochta i gcomhthéacs an chleachtais aistrithe dhomhanda in 2024. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú breise a imréiteach go hiomlán ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an tráth a dhúnfar na cláir lena mbaineann, sa chaoi nach ndéanfar aon athrú ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a dhéanfar faoi na Cistí lena mbaineann faoin togra seo. Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí de réir mar leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle, agus ní thugtar le fios ann athruithe ar na riachtanais íocaíochta le linn na clárthréimhse 2021-27.

Maidir le Fís Eorpach, is éard atá sa togra imchlúdach CNE a threisiú le EUR 2,63 billiún san iomlán:

- Tá sé beartaithe EUR 0.8 billiún a athshannadh ó na hacmhainní a leithdháiltear ar Cholún II ‘Dúshlán Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach’ don tréimhse 202[x] go 2027;
- EUR 0,13 billiún ó athshreabha phiolótach EIC de Fís 2020
- Tá sé beartaithe EUR 1.2 billiún mar thoradh ar neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal taighde a fhaigheann tacaíocht ó Fís Eorpach agus a réamhtheachtaithe a chur ar fáil arís, i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, chun tairbhe shraith CNE de Fís Eorpach; agus
- EUR 0.5 billiún d'athneartú buiséadach

Ina theannta sin, ba cheart an Ciste don Nuálaíocht a threisiú le EUR 5 bhilliún, leis an gCiste Eorpach Cosanta le EUR 1.5 billiún agus ba cheart go mbainfeadh InvestEU tairbhe as atreisiú EUR 3 bhilliún as a dtiocfaidh ráthaíocht EUR 7.5 billiún.

Dá bhrí sin, is ionann na himpleachtaí buiséadacha iomlána do CAI agus EUR 10 mbilliún.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Ardáin agus déanfaidh sé gnóthú na gcuspóirí faoin Rialachán seo a thomhas, ar bhealach spriocdhírthe comhréireach. Áiríteoidh an Coimisiún go mbaileofar, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil, na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí.

Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ardáin, tiomsóidh an Coimisiún na caiteachais a bhaineann le STEP ó na cláir ábhartha. Leanfaidh na spriocanna caiteachais aeráide faoi seach faoi na cláir ábhartha d'fheidhm a bheith acu. Chuige sin, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Rialachán na bhForálacha Coiteanna: Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta chun réimsí idirghabhála breise a chur san áireamh;
- An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: clibeáil agus tuairisciú bunaithe ar mhiondealú ar chaiteachas measta an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 29(3) den Rialachán sin ar infheistíochtaí a bhaineann le cuspóirí STEP;

- InvestEU: caiteachas ag an gCoimisiún a rianú.
- Cláir bhainistíochta díri (Fís Eorpach, an Ciste Nuálaíochta, an Ciste Eorpach Cosanta, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Clár EU4Health): caiteachas ag an gCoimisiún a rianú.

Chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir, tiomsóidh an Coimisiún torthaí na dtáscairí feidhmíochta a bhaineann le STEP ó na cláir ábhartha.

Chun na táscairí feidhmíochta a bhaineann le STEP a chur chun feidhme, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ionstraimí comhtháthaithe: leasú a dhéanamh ar iarscríbhinní an rialacháin chiste-shonraigh ina bhfuil na táscairí feidhmíochta;
- InvestEU: leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán InvestEU ina bhfuil na príomhtháscairí feidhmíochta agus faireacháin;
- An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: ag brath ar an gcreat tuairiscithe atá ann cheana
- Cláir bhainistíochta díri (Fís Eorpach, an Ciste Nuálaíochta, an Ciste Eorpach Cosanta, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Clár EU4Health): faisnéis atá le bailiú ag an gCoimisiún.

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach i gCaibidil 1 den Rialachán seo (Airteagail 1 go 8) na forálacha coiteanna is gá chun an STEP a chruthú, agus i gCaibidil 2 tá na leasuithe ar phíosaí ábhartha eile de reachtaíocht an AE (Airteagail 9 go 19).

Ábhar agus cuspóirí an Ardáin (Airteagal 1 agus Airteagal 2)

Mínítear in Airteagal 1 ábhar an Rialacháin, agus sainítear in Airteagal 2 cuspóirí agus raon feidhme na hionstraime. I gcomhréir le hAirteagal 2, tá dhá chuspóir ag STEP: (i) tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla san Aontas nó a slabhraí luacha a choimirciú agus a neartú; agus (ii) ganntanas saothair agus scileanna a laghdú sna hearnálacha straitéiseacha sin. Sainítear in Airteagal 2 freisin na réimsí le haghaidh na dteicneolaíochtaí criticiúla sin, eadhon teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, teicneolaíochtaí glana, agus bith-theicneolaíochtaí. Sonraítear a thuilleadh san fhoráil sin, chun go measfar teicneolaíocht a bheith criticiúil chun críocha an Ardáin, gur cheart di na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: (i) gné nuálach, lena mbaineann acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch, a thabhairt isteach sa Mhargadh Aonair; nó (ii) rannchuidiú le spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc. Soiléirítear freisin, i gcás ina mbaineann IPCEI arna fhormheas de bhun Airteagal 107(3)(b) CFAE le haon cheann de na réimsí teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a), gur cheart a mheas go bhfuil na teicneolaíochtaí ábhartha criticiúil. Tugtar treoir bhreise in Airteagal 2 freisin maidir leis an mbrí atá le ‘slabhra luacha’.

Tacaíocht airgeadais (Airteagal 3)

Leagtar síos leis an bhforáil seo an cistiú breise ón Aontas a úsáidtear chun cumhacht roinnt ionstraimí a threisiú, eadhon InvestEU, Fís Eorpach, an Ciste Eorpach Cosanta agus an Ciste Nuálaíochta.

Séala Ceannasachta agus cistiú carnach (Airteagal 4)

Cruthaítear le hAirteagal 4 ‘Séala Ceannasachta’, ar lipéad nua é atá ceaptha cabhrú le tionscnóirí tionscadail infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh trína dheimhniú go gcuireann sé le cuspóirí STEP. Dhéanfaí Séala Ceannasachta a dhámhachtain faoi chlár atá á mbainistiú go díreach, eadhon Fís Eorpach, an Ciste Nuálaíochta, an clár don Eoraip Dhigiteach, an clár EU4Health, agus an Ciste Eorpach Cosanta. Cuireann an Séala leis an ‘Séala Barr Feabhais’ atá ann cheana, ar lipéad cáilíochta é do thionscadail incháilithe nach bhféadfaí a mhaoiniú de bharr easpa buiséid a bheith ar fáil. Murab ionann agus an Séala Barr Feabhais, ní shainítear an Séala Ceannasachta ach amháin trí thagairt a dhéanamh do na cuspóirí arna saothrú ag na tionscadail ar bronnadh é orthu, agus beag beann ar cé acu a bhí nó nach raibh an tionscadal in ann cistiú ón Aontas a fháil fad is a rinneadh meastóireacht air go rathúil faoi Fís Eorpach, faoin gCiste Nuálaíochta, faoin gclár don Eoraip Dhigiteach, faoin gclár EU4Health nó faoin gCiste Eorpach Cosanta. Is bealach é sin chun a chur chun cinn gur féidir le tionscadail a maoiníodh i bpáirt cistiú carnach nó comhcheangailte a fháil le hionstraim eile de chuid an Aontais (Airteagal 4(1)(b)). Ina theannta sin, bheadh feidhm ag an Séala Ceannasachta freisin maidir le cásanna nach raibh tionscadal in ann cistí AE a fháil faoi chlár amháin, d’fhonn a chur chun cinn go bhfaigheadh sé tacaíocht faoi chlár eile (Airteagal 4(1)(a)).

Léirítear san fhoráil sin freisin gur cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do thionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu agus a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á moladh acu agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le tionscadail infheistíochta atá le maoiniú óna sciar den Chiste don Nuachóiriú. A mhéid a bhaineann leis an gClár InvestEU (féach freisin Airteagal 15), ba cheart don Choimisiún an Séala Ceannasachta a chur san áireamh i gcomhthéacs an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 de Reachta BEI agus i gcomhthéacs na seiceála beartais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/523. Ina theannta sin, ba cheart iarraidh ar na comhpháirtithe cur chun feidhme scrúdú a dhéanamh ar thionscadail ar bronnadh Séala na Ceannasachta orthu i gcás ina dtagann siad faoina raon feidhme geografach agus gníomhaíochta. Maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, tá sé beartaithe go mbeidh údarais bhainistíochta in ann tacaíocht ó CFRE nó ó CSE+ a dheonú go díreach, faoi réir na rialacha maidir le Státchabhair is infheidhme a chomhlíonadh, le haghaidh oibríochtaí ar sannadh Séala Ceannasachta dóibh (féach Airteagal 13).

Féadfaidh tionscadail straitéiseacha arna sainaithint i gcomhréir leis an Tionscal Glan-nialasachta agus leis na hAchtanna um Amhábhair Chriticiúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2 den Rialachán tairbhe a bhaint as cistiú carnach ar fud na gClár ábhartha.

Faireachán agus cur chun feidhme (Airteagal 5)

Sainítear in Airteagal 5 conas a dhéanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an STEP, ar thorthaí agus ar dhul chun cinn maidir lena chuspóirí a bhaint amach.

An Tairseach Cheannasachta (Airteagal 6)

Leagtar amach in Airteagal 6 an oibleagáid atá ar an gCoimisiún suíomh gréasáin nua atá ar fáil go poiblí (an Tairseach Cheannasachta) a chur ar bun chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus do thionscnóirí tionscadail a bheidh ag lorg cistí le haghaidh infheistíochtaí STEP. Chuige sin, ní mór don Tairseach an fhaisnéis seo a leanas go háirithe a thaispeáint: glaonna ar thograí atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin a bhaineann le cuspóirí STEP (Airteagal 6(1)(a)) agus teagmhálacha leis na húdarais inniúla náisiúnta atá ainmnithe chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála chun an STEP a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta (Airteagal 6(1)(d)). Thairis sin, ba cheart don Tairseach eolas a thabhairt faoi na

tionscadail ar bronnadh lipéad Séala Ceannasachta orthu, chun infheictheacht a thabhairt dóibh i leith infheistoirí ionchasacha (Airteagal 6(1)(b)), chomh maith le tionscadail straitéiseacha a shainaithnítear faoin NZIA agus faoin CRMA (Airteagal 6(1)(c)). Thairis sin, ba cheart don Ardán an fhaisnéis faoi chur chun feidhme an Ardáin (Airteagal 6(2)) a chur i láthair. Le hAirteagal 6(4), ceanglaítear ar na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin a ainmniú chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála do na tosaíochtaí sin, agus é mar chuspóir acu cur i bhfeidhm comhsheasmhach STEP a áirithiú ar fud an Aontais, agus chun an cistiú atá ar fáil do thionscadail Ardáin a éascú, go háirithe faoi chlár a bhainistítear go díreach agus faoi chlár bainistíochta comhroinnte.

Tuarascáil bhliantúil agus meastóireacht (Airteagal 7 agus Airteagal 8).

Leagtar amach in Airteagal 7 an oibleagáid atá ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme chuspóirí STEP.

Leagtar síos in Airteagal 8 na rialacha maidir leis an meastóireacht ar an Ardán. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Nollaig 2025.

Leasuithe ar Threoir 2003/87/CE (Treoir ETS AE) (Airteagal 9)

Le hAirteagal 9 leasaítear Treoir EU ETS chun méid na gcistí breise atá le cur chun feidhme tríd an gCiste don Nuálaíocht a shonrú le haghaidh tionscadail arb é is aidhm dóibh tacú le teicneolaíochtaí glana a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. Ní chuirtear an tacaíocht bhreise sin ar fáil ach do na Ballstáit sin a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir chaighdeán chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1058, ar an Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ar an gCiste Comhtháthaithe (Airteagal 10), ar an Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir (Airteagal 11), agus ar Rialachán (AE) 2021/1057, an Rialachán lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (Airteagal 12)

Le hAirteagal 10, leasaítear an Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe chun sainchuspóirí beartais nua a chruthú faoi Chuspóir Beartais 1 (Eoraip a bheadh níos iomaíche agus níos cliste a bhaint amach trí chlaochlú eacnamaíoch nuálach, cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn) agus faoi Chuspóir Beartais 2 (Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, a bhaint amach trí aistriú fuinnimh glan, cóir a chur chun cinn, maille le hinfeistíocht ghlas agus ghorm, leis an ngeilleagar ciorclach, le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide agus le cosc agus bainistiú rioscaí, agus le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe). Is féidir tacú freisin le hinfeistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, agus i réigiúin níos forbartha sna Ballstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir chaighdeán chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.

Le hAirteagal 11 leasaítear an Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) chun a léiriú gur féidir le clár den sórt sin tacú le hinfeistíochtaí atá nasctha le cuspóirí STEP.

Thairis sin, chun cuidiú le dlús a chur leis na hinfheistíochtaí sin agus leis an leachtacht is gá a sholáthar, beidh réamh-mhaoiniú eisceachtúil 30 % ar fáil don bhliain 2024. Leagtar amach freisin gur cheart do na Ballstáit a bheith in ann ráta méadaithe maoiniúcháin AE suas le 100 % a chur i bhfeidhm. Léirítear é sin i gcás na dtrí Rialachán thuas, trí na forálacha céanna faoi Airteagail 10, 11 agus 12 a chur san áireamh.

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II den Rialachán CFRE agus CC chun na táscairí a bhaineann le cuspóirí nua STEP a chur san áireamh.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna is infheidhme, i measc nithe eile, maidir le CFRE, CC, CUAC agus CSE+ (Airteagal 13)

Leasaítear an Rialachán seo freisin chun go bhféadfadh tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu tairbhe a bhaint as rochtain níos fearr ar chistiú ón Aontas, go háirithe trí chistiú carnach nó comhcheangailte ó roinnt ionstraimí de chuid an Aontais a éascú. Chuige sin, beidh na húdaráis bhainistíochta in ann tacaíocht a dheonú go díreach ó CFRE nó ó CSE+ i gcás oibríochtaí a bhfuil Séala Ceannasachta sannta dóibh. Leagtar amach freisin gur cheart do na Ballstáit a bheith in ann ráta méadaithe maoiniúcháin AE suas le 100 % a chur i bhfeidhm.

Leasaítear Airteagal 49 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis bhainistíochta na glaonna ar thograí atá beartaithe a bhaineann le cuspóirí STEP a shainaithint agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun iad a fhoilsiú ar an Tairseach Cheannasachta, chomh maith le téama tánaisteach tiomnaithe do CSE +.

Leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán RFC, ionchorpraítear réimsí idirghabhála forlíontacha lena bhféadfar an caiteachas a bhaineann le cuspóirí nua an Ardáin a rianú.

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (Airteagal 14) agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 (Airteagal 15)

Leis an leasú seo, foráiltear do sholúbthachtaí breise ionas go mbeidh na Ballstáit in ann cláir an bheartais chomhtháthaithe 2014-2020, CEMI agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) a chur chun feidhme. Rinneadh an creat rialála le haghaidh chur chun feidhme chláir 2014-2020 a oiriúnú cheana féin chun solúbthacht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na réigiúin i dtéarmaí rialacha cur chun feidhme agus níos mó leachtachta chun dul i ngleic le héifeachtaí phaindéim COVID-19 agus leis an gcogadh nó leis an ionsaí ar an Úcráin³⁵. Tá dóthain ama agus acmhainní riaracháin de dhíth chun na bearta sin, a tugadh isteach ag deireadh na clárthréimhse, a shaothrú agus a chur chun feidhme ina n-iomláine. Tá sé sin nasctha leis an ngá atá ann go ndíreodh na Ballstáit acmhainní riaracháin ar athbhreithniú na gclár oibríochtúil i dtreo STEP.

Dá bhrí sin, ba cheart síneadh 12 mhí a chur leis an spriocdháta chun an t-iarratas deiridh ar fogaíocht sin a chur isteach. Ina theannta sin, ba cheart síneadh 12 mhí a chur leis an

³⁵ Leis na hacmhainní breise REACT-EU a eascraíonn as NextGenerationEU, tá méadú tagtha ar an gcistiú atá ar fáil in 2021 agus 2022 (gan cómhaoiniú náisiúnta riachtanach) chun cúnamh tapa a chur ar fáil do na Ballstáit chun leigheas dhíobháil na géarchéime agus téarnamh athléimneach a chothú. I measc na mbearta eile tá an pacáiste maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE), agus an Tionscnamh Tacaíochta d'Fhuinneamh Inacmhainne (SAFE).

spriocdháta chun na doiciméid i ndáil le clabhsúr a chur isteach ionas gur féidir na rialuithe agus na hiniúchtaí is gá lena gceadaítear cláir a dhúnadh go hordúil faoi chlárthréimhse 2014-2020 a chur i gcrích. Chun cur chun feidhme fóna bhuiséad an Aontais agus urraim do na huasteorainneacha íocaíochta a áirithiú, ba cheart uasteorainn 1 % de na leithreasuithe airgeadais ó acmhainní faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil in aghaidh an chlár a chur leis na híocaíochtaí atá le déanamh in 2025. Ba cheart a shoiléiriú nach n-íocfaí in 2025 ná sna blianta ina dhiaidh sin méideanna atá dlite a sháraíonn uasteorainn 1 % de leithreasuithe cláir in aghaidh an chiste do 2025 ach nach n-úsáidfí iad ach chun réamh-mhaoiniú a imréiteach. Déanfar méideanna nár úsáideadh a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le saoradh tráth an dúnta.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/523, lena mbunaítear Clár InvestEU (Airteagal 16)

Leis an bhforáil seo cruthaítear réimse beartais nua (an cúigiú hionú) arb é is aidhm dó tacú le hinfheistíochtaí STEP faoi InvestEU, agus freastalaíonn sí ar an méid breise EUR [...] billiún a mholtar i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar CAI trí mhéideanna ráthaíocht AE a leasú chun críocha STEP. Déantar leasuithe freisin chun gné an tSéala Ceannasachta a léiriú in InvestEU, mar a mhínítear faoi Airteagal 4.

Moltar ann freisin solúbthachtaí agus soiléirithe breise chun cuspóirí an tionscnaimh seo a shaothrú ar bhealach níos fearr. Maidir leis an teaglaím de phunanna, sonraítear, nuair a chuirtear tacaíocht ó na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) le chéile i dtáirge airgeadais i riocht fo-ordaithe le ráthaíocht AE faoin Rialachán seo agus/nó ráthaíocht AE arna bunú le Rialachán (AE) 2015/1017, go bhféadfar na caillteanais, an t-ioncam agus na haisíocaíochtaí chomh maith le haisghabhálacha féideartha a shannadh freisin ar bhonn neamh pro rata. Is é is aidhm don leasú seo sineirgí a éascú idir InvestEU agus cláir eile de chuid an Aontais tríd an tsolúbthacht maidir le ceapadh oibríochtaí measctha a mhéadú.

Chun glacadh urrann an Bhallstáit a éascú, tá sé beartaithe an tréimhse ama atá ar fáil chun comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích a mhéadú beagán ó naoi mí go dhá mhí dhéag ó thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta. Leasaítear na rialacha maidir le comhaltas an Choiste Infheistíochta freisin chun a shoiléiriú go bhféadfar comhalta neamhbhuan a shannadh do dhá fhoirmíocht ar a mhéad chun próiseas roghnúcháin a chur i bhfeidhm lena bhféidir an Coiste Infheistíochta a bhunú don chúigiú ionú nua ar bhealach tapa.

Leasaítear Iarscríbhinn III de Rialachán InvestEU chun na táscairí a bhaineann le hionú nua STEP a chur san áireamh.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/695, lena mbunaítear Fís Eorpach (Airteagal 17)

Is é is aidhm don fhoráil seo solúbthacht agus cistiú breise a chur ar fáil do Luasaire CNE. Ba cheart don Luasaire faoin gclár Fís Eorpach a bheith in ann tacaíocht chothromais amháin a sholáthar do FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, a dhéanann nuálaíocht sna teicneolaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó STEP. Thairis sin, ba cheart na cistí nár úsáideadh a gealladh do Threoirhionscadal CNE faoi Fís 2020 a chur ar fáil chun críocha Luasaire CNE faoi Fís Eorpach.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/697, lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta (Airteagal 18)

Le hAirteagal 18 leasaítear an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta chun méid na gcistí breise atá le cur chun feidhme tríd an gCiste Eorpach Cosanta a shonrú.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/241, lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Airteagal 19)

Leasaítear an Rialachán seo chun an uasteorainn a mhéadú le haghaidh mhéid chostais mheasta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta is féidir leis na Ballstáit a úsáid le haghaidh urrann an Bhallstáit in InvestEU. Sa bhreis ar an uasteorainn is infheidhme de 4 % de leithdháileadh airgeadais an phlean téarnaimh agus athléimneachta, is féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh 6 % eile a leithdháileadh chun tacú le hinfheistíochtaí STEP, dá bhrí sin suas le 10 % san iomlán. Leasaítear Airteagal 29 lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit na glaonna ar thograí atá beartaithe a bhaineann le cuspóirí an Ardáin a shainaithint agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun iad a fhoilsiú ar an Tairseach Ceannasachta.

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm (Airteagal 20)

Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Rialachán seo, atá infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 164, Airteagal 173, Airteagal 175, an tríú mír, Airteagal 176, Airteagal 177, Airteagal 178, Airteagal 182(1) agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³⁶,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³⁷,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Iomaíochas agus athléimneacht an gheilleagair Eorpaigh a neartú tríd an gclaochlú glas agus tríd an gclaochlú digiteach, is é sin treoir an Aontais le blianta beaga anuas. Leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach atá fréamhaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip³⁸ agus sa Deacáid Dhigiteach³⁹, spreagtar fás agus nuachóiriú gheilleagar an Aontais, rud a chuireann deiseanna nua gnó ar fáil agus a chuidíonn le buntáiste iomaíoch a fháil ar na margaí domhanda. Sa Chomhaontú Glas don Eoraip leagtar amach an treochlár chun geilleagar an Aontais a dhéanamh aeráidneodrach agus inbhuanaithe ar bhealach cothrom cuimsitheach, agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Thairis sin, leagtar amach i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach treo soiléir maidir le claochlú digiteach an Aontais agus maidir le spriocanna digiteacha a bhaint amach ar leibhéal an Aontais faoi 2030, go háirithe maidir le scileanna digiteacha, bonneagair dhigiteacha, agus claochlú digiteach gnólachtaí agus seirbhísí poiblí.
- (2) Tá sé cruthaithe ag tionscal an Aontais go bhfuil athléimneacht ionsuite aige ach tá dúshlán an tionscail á thabhairt. Tá boilsciú ard, ganntanas lucht saothair, suaitheadh i slabhraí soláthair tar éis COVID, rátaí úis atá ag ardú, agus méaduithe ar chostais

³⁶ IO C [...], [...], lch. [...]

³⁷ IO C [...], [...], lch. [...]

³⁸ Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final. Féach freisin an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020, agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020.

³⁹ Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

fuinnimh agus ar phraghsanna ionchuir ag cur isteach go mór ar iomaíochas thionscal an Aontais. Anuas air sin, bíonn an iomaíocht ar an margadh domhanda ilroinnte láidir, ach ní bhíonn sí cothrom i gcónaí. Tá roinnt tionscnamh curtha ar aghaidh ag an Aontas cheana féin chun tacú lena thionscal, amhail Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais⁴⁰, an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla⁴¹, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta⁴², an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe nua maidir le Státchabhair⁴³, agus REPowerEU⁴⁴. Cé go soláthraítear tacaíocht ghasa spriocdhírthe leis na réitigh sin, ní mór don Aontas freagairt níos struchtúrtha a thabhairt ar riachtanais infheistíochta a chuid tionscal chun comhtháthú agus cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair a chosaint agus spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú.

- (3) Beidh glacadh agus uas-scálú teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, teicneolaíochtaí glana agus bith-theicneolaíochtaí san Aontas fíor-riachtanach chun na deiseanna a thapú agus chun cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach, agus iomaíochas agus inbhuanaitheacht earnáil tionsclaíochta na hEorpa á gcur chun cinn ar an gcaoi sin. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht láithreach chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí den sórt sin san Aontas, chun a slabhraí luacha a chosaint agus a neartú agus, ar an gcaoi sin, spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú, agus aghaidh a thabhairt ar na ganntanais saothair agus scileanna atá ann cheana sna hearnálacha sin trí oiliúint agus printíseachtaí agus trí phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chruthú a mbeidh rochtain ag cách orthu.
- (4) Is gá tacú le teicneolaíochtaí criticiúla sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, teicneolaíochtaí glana, agus bith-theicneolaíochtaí (lena n-áirítear slabhraí luacha na n-amhábhair criticiúil faoi seach), go háirithe tionscadail, cuideachtaí agus earnálacha a bhfuil ról ríthábhachtach acu d'iomaíochas agus d'athléimneacht an Aontais agus dá shlabhraí luacha. Mar shampla, ba cheart a áireamh sna teicneolaíochtaí doimhne agus sna teicneolaíochtaí digiteacha micrileictreonaic, an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, teicneolaíochtaí candamacha (i.e., teicneolaíochtaí ríomhaireachta, cumarsáide agus braite), an néalríomhaireacht, an imeall-ríomhaireacht, agus an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí cibearshlándála, róbataic, 5G agus an ardnascacht agus réaltachtaí fíorúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha chun feidhmeanna cosanta agus aeraspáis a fhorbairt. Ba cheart a áireamh le teicneolaíochtaí glana, i measc nithe eile, fuinneamh in-athnuaite; stóráil leictreachais agus teasa; teaschaidéil; eangach leictreachais; breoslaí athnuaite de thionscnamh neamh-bhith-eolaíoch; breoslaí malartacha inbhuanaithe; leictrealóirí agus breosla-chealla; gabháil, úsáid agus stóráil carbóin; éifeachtúlacht fuinnimh; hidrigin agus bonneagar gaolmhar; réitigh fuinnimh chliste; teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach don inbhuanaitheacht amhail íonú uisce agus díshalannú; ardábhair amhail nana-ábhair, comhchodaigh agus ábhar foirgníochta glan amach anseo, agus teicneolaíochtaí chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh agus a phróiseáil ar bhealach inbhuanaithe. Ba cheart a mheas go n-áirítear leis an mbith-theicneolaíocht teicneolaíochtaí amhail

⁴⁰ Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta, COM(2023) 62 final.

⁴¹ COM(2023) 160 final

⁴² COM(2023) 161 final

⁴³ Teachtaireacht maidir le Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta Státchabhrach (IO C 101, 17.3.2023, lch. 3).

⁴⁴ Rialachán (AE) 2023/435 a mhéid a bhaineann le REPowerEU (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

bithmhóilíní agus a bhfeidhmeanna, táirgí cógaisíochta agus teicneolaíochtaí leighis atá rithábhachtach don tslándáil sláinte, bith-theicneolaíocht barr, agus bith-theicneolaíocht thionsclaíoch, amhail i gcás diúscairt dramhaíola, agus bithmhonarú. Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint chun raon feidhme na dteicneolaíochtaí a shonrú a thuilleadh sna trí réimse sin a mheastar a bheith criticiúil i gcomhréir leis an Rialachán seo, d'fhonn léirmhíniú coiteann a chur chun cinn ar na tionscadail, ar na cuideachtaí agus ar na hearnálacha a dtabharfar tacaíocht dóibh faoi na cláir faoi seach i bhfianaise an chomhchuspóra straitéisigh. Thairis sin, maidir le teicneolaíochtaí in aon cheann de na trí réimse sin is ábhar do Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) arna bhformheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE, ba cheart a mheas go bhfuil siad criticiúil, agus ba cheart tionscadail aonair laistigh de raon feidhme IPCEI den sórt sin a bheith incháilithe do chistiú, i gcomhréir le rialacha an chláir faoi seach, sa mhéid nár cumhdaíodh go hiomlán fós an bhearna chistithe a sainaitníodh agus na costais incháilithe.

- (5) Ní bheifear in ann cumas monaraíochta na bpríomhtheicneolaíochtaí san Aontas a neartú gan lucht saothair mór oilte. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna i ngach earnáil, lena n-áirítear na hearnálacha sin a mheastar a bheith rithábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus lena gcuirtear ardú na bpríomhtheicneolaíochtaí i mbaoil, agus i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh freisin. Dá bhrí sin, is gá dlús a chur le gníomhachtú níos mó daoine i margadh an tsaothair atá ábhartha d'earnálacha straitéiseacha, go háirithe trí phoist agus printíseachtaí a chruthú do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste, go háirithe daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna. Comhlánóidh tacaíocht den sórt sin roinnt gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar fhreastal ar na riachtanais scileanna a eascraíonn as an aistriú, a leagtar amach i gClár Oibre Scileanna an Aontais⁴⁵.
- (6) Mar gheall ar scála na n-infheistíochtaí is gá le haghaidh an aistrithe, ní mór cistiú atá ar fáil faoi chláir agus cistí de chuid an Aontais atá ann cheana a shlógadh go hiomlán, lena n-áirítear cláir agus cistí a thugann ráthaíocht bhuiséadach le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta agus cur chun feidhme ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha. Ba cheart cistiú den sórt sin a úsáid ar bhealach níos solúbtha, chun tacaíocht thráthúil agus spriocdhírithe a thabhairt do theicneolaíochtaí criticiúla in earnálacha straitéiseacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') freagra struchtúrach a thabhairt ar riachtanais infheistíochta an Aontais trí chuidiú le cistí an Aontais atá ann cheana a dhíriú níos fearr ar infheistíochtaí criticiúla a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, agus cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair á chaomhnú san am céanna, agus ar an gcaoi sin comhtháthú á chaomhnú agus díriú ar dháileadh cothrom geografach na dtionscadal arna maoiniú faoi STEP i gcomhréir le sainorduithe na gelár faoi seach.
- (7) Ba cheart do STEP acmhainní a shainaithint ar cheart iad a chur chun feidhme laistigh de chláir agus cistí an Aontais atá ann cheana, InvestEU, Fís Eorpach, an Ciste Eorpach Cosanta agus an Ciste don Nuálaíocht. I dteannta leis sin, ba cheart cistiú breise EUR 10 mbilliún a sholáthar. As sin, ba cheart EUR 5 bhilliún a úsáid chun

⁴⁵ Teachtaireacht maidir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, COM(2020) 274 final.

dearlaic an Chiste don Nuálaíocht⁴⁶ a mhéadú agus ba cheart EUR 3 bhilliún a úsáid chun méid iomlán ráthaíocht AE atá ar fáil d'urrann AE faoi Rialachán InvestEU a mhéadú go EUR 7,5 billiún⁴⁷, agus an ráta soláthair ábhartha á chur san áireamh. Ba cheart EUR 0.5 billiún a chur ar fáil chun an t-imchlúdach airgeadais a mhéadú faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach⁴⁸, agus ba cheart é a leasú dá réir sin; agus ba cheart EUR 1.5 billiún a chur ar fáil don Chiste Eorpach Cosanta⁴⁹.

- (8) Ba cheart Séala Ceannasachta a bhronnadh ar thionscadail a rannchuidíonn le cuspóirí STEP, ar choinníoll go ndearnadh measúnú ar an tionscadal agus go gcomhlíonann sé na híoscheanglais cháilíochta, go háirithe critéir incháilitheachta, eisiaimh agus dhámhachtana, dá bhforáiltear i nglao ar thograí faoin gclár Fís Eorpach, faoin gclár don Eoraip Dhigiteach⁵⁰, faoin gclár EU4Health⁵¹, faoin gCiste Eorpach Cosanta nó faoin gCiste don Nuálaíocht, agus gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil cistiú faighte ag an tionscadal faoi na hionstraimí sin. Bunófar na híoscheanglais cháilíochta sin d'fhonn tionscadail ar ardchaighdeán a shainaitheint. Ba cheart an Séala sin a úsáid mar lipéad cáilíochta, chun cuidiú le tionscadail infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh trína dheimhniú go rannchuidíonn siad le cuspóirí STEP. Ina theannta sin, cuirfidh an Séala rochtain níos fearr ar chistiú ón Aontas chun cinn, go háirithe trí chistiú carnach nó comhcheangailte ó roinnt ionstraimí de chuid an Aontais a éascú.
- (9) Chuige sin, ba cheart a bheith in ann brath ar mheasúnuithe arna ndéanamh chun críocha clár eile de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 126 agus 127 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046⁵², chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe chistí an Aontais a laghdú agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí tosaíochta a spreagadh. Ar choinníoll go gcomhlíonann siad forálacha an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁵³, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu a chur san áireamh agus a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta á n-ullmhú acu agus a bpleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á moladh acu agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le tionscadail infheistíochta atá le maoiniú as a sciar den Chiste don Nuachóiriú. Ba cheart don Choimisiún an Séala Ceannasachta a chur san áireamh freisin i gcomhthéacs an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 de Reachta BEI agus i gcomhthéacs na seiceála beartais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán InvestEU. Ina theannta sin, ba cheart a cheangal ar na comhpháirtithe cur chun feidhme scrúdú a dhéanamh ar thionscadail ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu i gcás ina dtagann siad faoina raon feidhme geografach agus gníomhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 26(5) den Rialachán sin. Ba cheart údarais atá i gceannas ar chlár a thagann faoi STEP a spreagadh freisin chun machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail straitéiseacha arna sainaithint i gcomhréir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus leis nGníomh um Amhábhair Chriticiúla atá faoi raon

⁴⁶ Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁴⁷ Rialachán (AE) 2021/523 lena mbunaítear Clár InvestEU (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

⁴⁸ Rialachán (AE) 2021/695 lena mbunaítear Fís Eorpach (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

⁴⁹ Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149.)

⁵⁰ Rialachán (AE) 2021/694 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

⁵¹ Rialachán (AE) 2021/522 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte, Clár EU4Health (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

⁵² Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁵³ Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

feidhme Airteagal 2 den Rialachán agus a bhféadfadh feidhm a bheith ag rialacha maidir le cistiú carnach ina leith.

- (10) Ba cheart don Choimisiún suíomh gréasáin nua atá ar fáil go poiblí (an ‘Tairseach Cheannasachta’) a chur ar bun chun faisnéis maidir leis an tacaíocht atá ar fáil a thabhairt do chuideachtaí agus do thionscnóirí tionscadail atá ag lorg cistí le haghaidh infheistíochtaí STEP. Chuige sin, ba cheart dó na deiseanna cistiúcháin le haghaidh infheistíochtaí STEP atá ar fáil faoi bhuiséad an Aontais a thaispeáint ar bhealach inrochtana agus soláimhsithe don úsáideoir. Ba cheart a áireamh leis sin faisnéis faoi chlár a bhainistítear go díreach, amhail Fís Eorpach, an clár don Eoraip Dhigiteach, an clár EU4Health, agus an Ciste don Nuálaíocht, chomh maith le cláir eile amhail InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus cistí an bheartais chomhtháthaithe. Thairis sin, leis an Tairseach Cheannasachta, ba cheart infheictheacht infheistíochtaí STEP i leith infheisteoirí a mhéadú, trí na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu a liostú. Ba cheart a liostú ar an Tairseach freisin na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach as gníomhú mar phointí teagmhála chun STEP a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.
- (11) Cé go mbraitheann STEP ar ath-chlársceidealú agus atreisiú na gclár atá ann cheana chun tacú le hinfeistíochtaí straitéiseacha, is gné thábhachtach é freisin chun indéantacht agus ullmhú idirghabhálacha nua a thástáil mar chéim i dtreo Ciste Eorpach Ceannasachta. Sa mheastóireacht in 2025, déanfar measúnú ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a rinneadh agus beidh sí mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tacaíocht d’earnálacha straitéiseacha a mhéadú.
- (12) Ba cheart Treoir 2003/87/CE⁵⁴ a leasú chun maoiniú breise a cheadú le clúdach airgeadais EUR 5 bhilliún don tréimhse 2024-2027. Leis an gCiste don Nuálaíocht, tacaítear le hinfeistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, ar raon feidhme é sin atá le cumhdach ag STEP. Dá bhrí sin, leis an méadú ar mhéid an Chiste don Nuálaíocht, ba cheart a bheith in ann maoiniú a sholáthar lena bhfreagrófar don chuspóir maidir le tacú le teicneolaíochtaí glana criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. I gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhtháthú a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas agus le forbairt teicneolaíochtaí glana ar fud an Aontais, ba cheart an t-imchlúdach airgeadais breise a chur ar fáil trí ghlaonna ar thograí a bheidh oscailte d’eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 an Aontais arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.
- (13) Chun leathnú a dhéanamh ar dheiseanna tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh forbairt thionsclaíoch agus atreisiú slabhraí luacha in earnálacha straitéiseacha a neartú, ba cheart raon feidhme na tacaíochta ó CFRE a leathnú trí fhoráil a dhéanamh maidir le cuspóirí sonracha faoi CFRE, gan dochar do na rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais agus caiteachais aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060⁵⁵ agus i Rialachán (AE) 2021/1058⁵⁶. In earnálacha straitéiseacha, ba cheart a bheith in ann tacú le hinfeistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, ar féidir leo rannchuidiú go mór le forbairt na réigiún

⁵⁴ Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamhálaí i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁵⁵ Rialachán (AE) 2021/1060 lena leagtar síos forálacha coiteanna (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

⁵⁶ Rialachán (AE) 2021/1058 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 224, 24.6.2021, lch. 31).

beagfhorbartha agus na réigiún trasdula, agus i réigiúin níos forbartha sna Ballstáit ag a bhfuil OTI per capita atá faoi bhun mheán an Aontais. Moltar d'údarais bhainistíochta an comhoibriú idir fiontair mhóra agus FBManna áitiúla, slabhraí soláthair, éiceachórais nuálaíochta agus teicneolaíochta a chur chun cinn. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí acmhainneacht fhoriomlán na hEorpa a neartú chun a seasamh sna hearnálacha sin a neartú trí rochtain a thabhairt do na Ballstáit uile le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin, agus ar an gcaoi sin ghníomhófaí in aghaidh an riosca go dtiocfadh méadú ar éagothromaíochtaí.

- (14) Ba cheart raon feidhme na tacaíochta do CUAC, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1056⁵⁷, a leathnú freisin chun infheistíochtaí ag fiontair mhóra i dteicneolaíochtaí glana a rannchuidíonn le cuspóirí STEP a chumhdach, ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach leis an rannchuidiú ionchasach leis an aistriú chuig an aeráidneodracht mar a leagtar amach sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Maidir leis an tacaíocht a thugtar d'infheistíochtaí den sórt sin, níor cheart gá a bheith le hathbhreithniú ar an bplean críochach um aistriú cóir i gcás ina mbeadh an t-athbhreithniú sin nasctha go heisiach leis an anailís ar bhearnaí lena dtugtar údar leis an infheistíocht ó thaobh cruthú post de.
- (15) Is é CSE+⁵⁸ príomhchiste an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, agus cuireann sé go mór le forbairt scileanna a chur chun cinn. Chun úsáid an Chiste sin a éascú le haghaidh chuspóirí STEP, ba cheart a bheith in ann CSE+ a úsáid chun infheistíochtaí a chumhdach atá dírithe ar lucht saothair oilte athléimneach a bheidh réidh don saol oibre amach anseo a bhaint amach.
- (16) Chun cuidiú le dlús a chur le hinfeistíochtaí agus leachtacht láithreach a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí lena dtacaítear le cuspóirí STEP faoi CFRE, CSE+⁵⁹ agus CUAC, ba cheart méid breise réamh-mhaoinithe eisceachtúil a sholáthar i bhfoirm íocaíocht aonuaire i ndáil leis na tosaíochtaí atá tiomnaithe d'infheistíochtaí lena dtacaítear le cuspóirí STEP. Ba cheart feidhm a bheith ag an réamh-mhaoiniú breise maidir le leithdháileadh CUAC ina iomláine i bhfianaise an ghá atá le dlús a chur lena chur chun feidhme agus i bhfianaise naisc láidre CUAC chun tacú leis na Ballstáit i dtreo chuspóirí STEP. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir leis na méideanna sin de réamh-mhaoiniú eisceachtúil a bheith comhsheasmhach leis na rialacha is infheidhme maidir le réamh-mhaoiniú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060. Thairis sin, chun glacadh infheistíochtaí den sórt sin a dhreasú a thuilleadh agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme níos tapúla iad, ba cheart an fhéidearthacht a bheith in ann go mbeadh ráta méadaithe maoinithe 100 % ag an Aontas le haghaidh thosaíochtaí STEP. Agus cuspóirí nua STEP á gcur chun feidhme, moltar d'údarais bhainistíochta critéir shóisialta áirithe a chur i bhfeidhm nó torthaí dearfacha sóisialta a chur chun cinn, amhail printiseachtaí agus poist a chruthú do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste, go háirithe daoine óga i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, na critéir dhámhachtana shóisialta a chur i bhfeidhm sna Treoracha maidir le soláthar poiblí nuair a chuireann comhlacht atá faoi réir soláthair phoiblí tionscadal chun feidhme, agus an pá is infheidhme a íoc mar a comhaontaíodh trí chómhargáil.

⁵⁷ Rialachán (AE) 2021/1056 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

⁵⁸ Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

⁵⁹ Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

- (17) Ba cheart Rialachán na bhForálacha Coiteanna⁶⁰ a leasú chun go bhféadfadh tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu tairbhiú de rochtain níos fearr ar chistiú ón Aontas, go háirithe trí chistiú carnach nó comhcheangailte ó roinnt ionstraimí de chuid an Aontais a éascú. Chuige sin, ba cheart d'údaráis bhainistíochta a bheith in ann tacaíocht ó CFRE nó ó CSE+ a dheonú go díreach, i gcás oibríochtaí ar sannadh Séala Ceannasachta dóibh.
- (18) Rinneadh an creat rialála le haghaidh chur chun feidhme chláir 2014-2020 a oiriúnú le blianta beaga anuas chun solúbthacht bhreise a thabhairt do na Ballstáit agus do na réigiúin i dtéarmaí rialacha cur chun feidhme agus níos mó leachtachta ann chun dul i ngleic le héifeachtaí phaindéim COVID-19 agus leis an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine. Tá dóthain ama agus acmhainní riaracháin de dhíth chun na bearta sin, a thugtar isteach ag deireadh na clárthréimhse, a shaothrú agus a chur chun feidhme go hiomlán; agus tráth a dhíreoidh na Ballstáit acmhainní ar athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibríochtúla 2021-2027 atá nasctha le cuspóirí STEP. D'fhonn an t-ualach riaracháin ar údaráis na gclár a laghdú agus d'fhonn cailleanas féideartha cistí ag tráth an dúnta ar chúiseanna riaracháin amháin a chosc, ba cheart síneadh a chur leis na sprioc-amanna maidir le dúnadh riaracháin na gclár faoin tréimhse 2014-2020 i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013⁶¹ agus i Rialachán (AE) Uimh. 223/2014⁶². Go sonrach, ba cheart síneadh 12 mhí a chur leis an sprioc-am chun an t-iarraitas deiridh ar íocaíocht sin a chur isteach. Thairis sin, ba cheart síneadh 12 mhí a chur leis an sprioc-am chun na doiciméid um dhúnadh a chur isteach freisin. I gcomhthéacs an leasaithe sin, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar leanúint de dháileadh an bhia agus an ábhair a cheannaítear go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta (deireadh 2023) tar éis an dáta sin. Chun cur chun feidhme fóna bhuiséad an Aontais agus urraim do na huasteorainneacha íocaíochta a áirithiú, ba cheart uasteorainn 1 % de na leithreasuithe airgeadais ó acmhainní faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil in aghaidh an chlár a chur leis na híocaíochtaí atá le déanamh in 2025. Ní dhéanfaí méideanna atá dlite a sháraíonn uasteorainn 1 % de leithreasuithe cláir in aghaidh an chiste do 2025 a íoc in 2025 ná sna blianta ina dhiaidh sin ach ní úsáidfí iad ach chun réamh-mhaoiniú a imreíteach. Déanfar méideanna nár úsáideadh a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le saoradh tráth an dúnta.
- (19) Is é InvestEU clár suaitheanta an Aontais chun borradh a chur faoin infheistíocht, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, trí mhaoiniú faoi thionchar an éilimh a sholáthar, lena n-áirítear trí shásraí measctha, agus trí chúnamh teicniúil. Rannchuidíonn cur chuige den sórt sin chun caipiteal poiblí agus príobháideach breise a phlódú isteach. I bhfianaise an éilimh mhóir ar an margadh atá ag ráthaíocht InvestEU, ba cheart urrann AE de InvestEU a threisiú chun go gcomhfhreagróidh sé do chuspóirí STEP. Neartóidh sé sin, i measc nithe eile, an fhéidearthacht atá ag InvestEU faoi láthair infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail atá mar chuid de IPCEI, laistigh de na hearnálacha teicneolaíochta criticiúla sainaitheanta. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit rannchuidiú le hurrann an Bhallstáit de InvestEU chun tacú le táirgí airgeadais i gcomhréir le cuspóirí STEP, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir leis an státchabhair. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ranníocaíocht in airgead tirim a áireamh mar bheart ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta

⁶⁰ Rialachán (AE) 2021/1060 lena leagtar síos forálacha coiteanna (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

⁶¹ Rialachán (AE) 1303/2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

⁶² Rialachán (AE) 223/2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

chun críocha urrann an Bhallstáit de InvestEU chun tacú le cuspóirí STEP. An ranníocaíocht bhreise sin chun tacú le cuspóirí STEP, d'fhéadfadh sí suas le 6 % de leithdháileadh airgeadais iomlán a bplean téarnaimh agus athléimneachta ar urrann an Bhallstáit de InvestEU a bhaint amach. Ba cheart solúbthacht bhreise agus soiléirithe breise a thabhairt isteach freisin chun cuspóirí STEP a shaothrú ar bhealach níos fearr.

- (20) Is é an clár Fís Eorpach príomhchlár cistiúcháin an Aontais don taighde agus don nuálaíocht, agus cuireann an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) tacaíocht ar fáil do nuálaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ceannródaíoch agus suaiteach agus ag a bhfuil acmhainneacht fais a bhféadfadh riosca ró-ard a bheith ag baint leo d'infheistíochtaí príobháideacha. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht bhreise faoin gclár Fís Eorpach, ionas gur féidir le Luasaire CNE tacaíocht de chineál cothromais amháin a thabhairt do FBManna atá iontaofa ó thaobh brabúis, lena n-áirítear gnólaigh nuathionscanta, agus FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, atá ag dul i mbun nuálaíochta sna teicneolaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó STEP agus gan beann ar cé acu a fuair nó nach bhfuair siad cineálacha eile tacaíochta roimhe sin ó Luasaire CNE. Tá cur chun feidhme Chiste CNE teoranta d'uasmhéid infheistíochta EUR 15 mhilliún faoi láthair ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus ní féidir leis freastal ar bhabhtáí maoinithe leantaigh ná ar mhéideanna infheistíochta níos mó. Dá gceadófaí tacaíocht de chineál cothromais amháin i gcás FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, thabharfaí aghaidh ar an mbearna sa mhargadh atá ann faoi láthair le riachtanais infheistíochta idir EUR 15 mhilliún agus EUR 50 milliún. Thairis sin, is léir ón taithí a fuarthas nach n-úsáidtear ina n-iomláine na méideanna geallta do Threoirhionscadal CNE faoin gclár Fís 2020. Ba cheart na cistí sin nár úsáideadh a chur ar fáil chun críocha Luasaire CNE faoin gclár Fís Eorpach. Ba cheart an Rialachán maidir le Fís Eorpach a leasú freisin chun an t-imchlúdach méadaithe don Chiste Eorpach Cosanta a léiriú.
- (21) Is é an Ciste Eorpach Cosanta an príomhchlár chun iomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus uathriail theicneolaíoch thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú, rud a chuireann le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais. Tá forbairt cumas cosanta rithabhachtach, mar cuirtear taca léi faoi acmhainneacht agus neamhspleáchas earnáil tionsclaíochta na hEorpa chun táirgí cosanta a fhorbairt, agus neamhspleáchas na mBallstát mar úsáideoirí deiridh na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart an t-imchlúdach breise a chur ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí i réimse na dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha a rannchuidíonn le forbairt feidhmeanna cosanta.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ceannasacht Eorpach a neartú, dlús a chur le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais agus feabhas a chur ar a iomaíochas, agus a spleáchais straitéiseacha a laghdú, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

CAIBIDIL 1

STEP

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP' nó 'an tArdán') chun tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha criticiúla agus le teicneolaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn.

Leagtar síos ann cuspóirí an Ardáin, an méid tacaíochta airgeadais atá ar fáil faoin Ardán, agus rialacha maidir le cur chun feidhme an tSéala Ceannasachta agus na tairsí Ceannasachta agus maidir le tuairisciú ar chuspóirí an Ardáin.

Airteagal 2

Cuspóirí STEP

1. Chun an cheannasacht agus an tslándáil Eorpach a neartú, dlús a chur le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais agus feabhas a chur ar a iomaíochas, a spleáchais straitéiseacha a laghdú, cothrom iomaíochta a chothú sa Mhargadh Aonair le haghaidh infheistíochtaí ar fud an Aontais, agus rochtain chuimsitheach ar phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chur chun cinn, saothrófar na cuspóirí seo a leanas leis an Ardán:
 - (a) tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí criticiúla sna réimsí seo a leanas ar fud an Aontais, nó na slabhraí luacha faoi seach a choimirciú agus a neartú:
 - (i) teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha
 - (ii) teicneolaíochtaí glana
 - (iii) bith-theicneolaíochtaí
 - (b) aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ríthábhachtach do gach cineál post ardcháilíochta lena dtacaítear leis an gcuspóir faoi phointe (a).
2. Measfar na teicneolaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír a bheith criticiúil i gcás ina gcomhlíonfaidh siad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:
 - (a) gné nuálach cheannródaíoch ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch a thabhairt isteach sa Mhargadh Aonair;
 - (b) rannchuidiú le spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc.
3. I gcás ina mbaineann Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) arna fhorghas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE le haon cheann de na réimsí teicneolaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, measfar na teicneolaíochtaí ábhartha a bheith criticiúil.
4. An slabhra luacha chun teicneolaíochtaí criticiúla dá dtagraítear sa chéad mhír a mhonarú, baineann sé le táirgí deiridh, chomh maith le príomh-chomhpháirteanna,

innealra sonrach agus amhábhair chriticiúla a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh.

Airteagal 3

Tacaíocht Airgeadais

1. Tacófar le cur chun feidhme an Ardáin, go háirithe, tríd an méid seo a leanas:
 - (a) ráthaíocht AE dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/523 leis an méid táscach EUR 7 500 000 000. Cuirfear an ráthaíocht sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/523;
 - (b) méid EUR 500 000 000 i bpraghsanna reatha den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i bpointe (i) d’Airteagal 12(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/695. Cuirfear an méid sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695;
 - (c) méid EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear sa séú fomhír d’Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE. Cuirfear an méid sin chun feidhme laistigh den Chiste don Nuálaíocht i gcomhréir le rialacha Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE agus Rialachán Tarmligthe [2019/856] ón gCoimisiún.
 - (d) Méid EUR 1 500 000 000 i bpraghsanna reatha den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/697. Cuirfear an méid sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/697.
2. Úsáidfear na méideanna dá dtagraítear i mír 1 d’fhonn na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhaint amach.

Airteagal 4

Séala Ceannasachta agus cistiú carnach

1. Déanfaidh an Coimisiún Séala Ceannasachta a bhronnadh ar aon ghníomhaíocht a chuireann le haon cheann de chuspóirí an Ardáin, ar choinníoll go bhfuil measúnú déanta ar an ngníomhaíocht agus go gcomhlíonann sí na híoscheanglais cháilíochta, go háirithe incháilitheacht, eisiamh agus critéir dhámhachtana, dá bhforáiltear le glao ar thograí faoi Rialachán (AE) 2021/695, Rialachán (AE) 2021/694, Rialachán (AE) 2021/697, Rialachán (AE) 2021/522, nó Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún.
2. Féadfar an Séala Ceannasachta a úsáid mar lipéad cáilíochta, go háirithe chun na gcríoch seo a leanas:
 - (a) tacaíocht a fháil don ghníomhaíocht faoi chiste nó faoi chlár eile de chuid an Aontais i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gciste nó leis an gclár sin, nó
 - (b) an ghníomhaíocht a mhaoiniú trí chistiú carnach nó comhcheangailte le hionstraim eile de chuid an Aontais i gcomhréir le rialacha na mbunghníomhartha is infheidhme.
3. Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241, measfaidh na Ballstáit, gan dochar d’fhorálacha an Rialacháin sin, gur gníomhaíocht tosaíochta í ar bronnadh Séala Ceannasachta uirthi i gcomhréir le mír 1.

4. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le tionscadail infheistíochta a mhaoiniú óna sciartha faoi seach den Chiste don Nuachóiriú i gcomhréir le hAirteagal 10d de Threoir 2003/87/CE, breithneoidh na Ballstáit mar thosaíocht tionscadail le haghaidh teicneolaíochtaí glana criticiúla a bhfuil an Séala Ceannasachta faighte acu i gcomhréir le mír 1. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tacaíocht náisiúnta a dheonú do thionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu lena rannchuidítear le cuspóir an Ardáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(ii).
5. Faoi Rialachán (AE) 2021/523, cuirfear an Séala Ceannasachta san áireamh i gcomhthéacs an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 de Reachta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus i gcomhthéacs na seiceála beartais mar a leagtar síos in Airteagal 23(3) den Rialachán sin. Ina theannta sin, déanfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme scrúdú ar thionscadail ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu i gcás ina dtagann siad faoina raon feidhme geografach agus gníomhaíochta mar a leagtar síos in Airteagal 26(5) den Rialachán sin.
6. Maidir le tionscadail straitéiseacha arna sainaithint i gcomhréir le [an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta] agus le [an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla] faoi raon feidhme Airteagal 2 agus a fhaigheann ranníocaíocht faoi na Cláir dá dtagraítear in Airteagal 3, féadfaidh siad ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an tionscadal straitéiseach. Ní bheidh an cistiú carnach níos airde ná na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an tionscadal straitéiseach. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.
7. Tá bronnadh Séala Ceannasachta agus soláthar an chistithe charnagh gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir leis an státchabhair agus d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

Airteagal 5

Faireachán ar chur chun feidhme

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Ardáin agus déanfaidh sé gnóthú chuspóirí an Ardáin a leagtar amach in Airteagal 2 a thomhas. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírthe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Ardán.
2. Le córas faireacháin an Choimisiúin, áiríteofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin Ardán agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.
3. Tuairisceoidh an Coimisiún maidir leis an gcaiteachas a mhaoinítear leis an Ardán. Tuairisceoidh sé, de réir mar is iomchuí, ar na gnóthachain a bhaineann le gach ceann de chuspóirí sonracha an Ardáin.

Airteagal 6

Tairseach Cheannasachta

1. Bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe atá ar fáil go poiblí (an 'tairseach Cheannasachta'), lena dtabharfar faisnéis d'infheisteoirí faoi dheiseanna cistiúcháin

maidir le tionscadail a bhaineann le cuspóirí an Ardáin agus tabharfaidh sé infheictheacht do na tionscadail sin, go háirithe tríd an bhfaisnéis seo a leanas a thaispeáint:

- (a) glaonna ar thograí atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin agus glaonna ar thairiscintí atá nasctha le cuspóirí an Ardáin faoi na cláir agus na cistí faoi seach;
 - (b) tionscadail ar ar bronnadh lipéad cáilíochta Séala Ceannasachta i gcomhréir le hAirteagal 4;
 - (c) tionscadail a sainaithníodh mar thionscadail straitéiseacha faoi [an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta] agus faoi [an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla], sa mhéid a thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 2;
 - (d) teagmhálacha leis na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 4;
2. Taispeánfar ar an tairseach Cheannasachta freisin faisnéis faoi chur chun feidhme an Ardáin agus i ndáil le caiteachas bhuiséad an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 5, chomh maith leis na táscairí feidhmíochta a shainítear faoi na cláir faoi seach.
 3. Seolfar an tairseach Cheannasachta ag [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus déanfaidh an Coimisiún í a thabhairt cothrom le dáta go rialta.
 4. Faoi [3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh na Ballstáit údaráis inniúil náisiúnta amháin chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála do chur chun feidhme an Ardáin ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 7

Tuarascáil bhliantúil

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Ardáin.
2. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil faisnéis chomhdhlúite maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme chuspóirí an Ardáin faoi gach ceann de na cláir agus na cistí.
3. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil freisin an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) caiteachas foriomlán STEP arna mhaoiniú faoi na cláir faoi seach;
 - (b) feidhmíocht STEP bunaithe ar na táscairí feidhmíochta a shainítear faoi na cláir faoi seach.

Airteagal 8

Meastóireacht ar an Ardán

1. Faoi 31 Nollaig 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar chur chun feidhme an Ardáin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh na cuspóirí, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach Eorpach. Déanfar breithniú inti freisin ar ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile, i bhfianaise an mhéadaithe a d'fhéadfadh teacht orthu.
3. I gcás inarb iomchuí, beidh togra le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an meastóireacht sin.

CAIBIDIL 2

LEASUITHE

Airteagal 9

Leasuithe ar Threoir 2003/87/CE (ETS)

Leasaítear Treoir 2003/87/CE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 10a(8), cuirtear isteach an séú fomhír seo a leanas:

‘I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é, chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a)(ii) de Rialachán .../..⁶³. [Rialachán STEP]. Ní chuirfear an t-imchlúdach airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannairde (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017’

Airteagal 10

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1058 [CFRE agus CC]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 3(1), pointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(vi) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../..⁶⁴. [Rialachán STEP]’

- (2) In Airteagal 3(1), pointe (b), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(ix) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóir STEP dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(ii) de Rialachán .../... [Rialachán STEP]’

- (3) In Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoi seach.

Íocfaidh an Coimisiún 30 % de leithdháileadh CFRE ar an tosaíocht sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar an gclár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil don chlár dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó in Airteagal 51(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1059. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil faoin 31 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh an cinneadh lena

⁶³ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

⁶⁴ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

bhformheastar an leasú ar an gclár glactha ag an gCoimisiún faoin 31 Deireadh Fómhair 2024.

I gcomhréir le hAirteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus le hAirteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2021/1059, déanfar an méid a íoctar mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil a imríteach tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcomhréir le hAirteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear aon ús arna ghiniúint leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an dóigh chéanna le CFRE agus áireofar sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh é.

I gcomhréir le hAirteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear an réamh-mhaoiniú eisceachtúil ar fionraí.

I gcomhréir le hAirteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar an réamh-mhaoiniú a íoctar sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun na méideanna atá le saoradh a ríomh.

De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, méadófar go 100 % na huasrátaí cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a bunaíodh chun tacú le cuspóirí STEP.’

- (4) In Airteagal 5(2), cuirtear isteach an pointe (e) seo a leanas:

‘(e) nuair a rannchuidíonn siad leis an gcuspóir sonrach faoi Chuspóir Beartais 1 a leagtar amach in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(vi) nó leis an gcuspóir sonrach faoi Chuspóir Beartais 2 a leagtar amach i bpointe (b)(ix) den fhomhír sin, i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, chomh maith le réigiúin níos forbartha sna Ballstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.

Beidh feidhm ag pointe (e) maidir le cláir Interreg ina bhfuil cumhdach geografach an chláir laistigh den Aontas comhdhéanta go heisiach de chatagóirí réigiúin a leagtar amach sa phointe sin.’

- (5) In Airteagal 5, cuirtear isteach an mhír 3a nua seo a leanas:

‘3a. Chun rannchuidiú leis na cuspóirí sonracha faoi Chuspóir Beartais 1 a leagtar amach in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(vi) agus faoi Chuspóir Beartais 2 a leagtar amach i bpointe (b)(ix) den fhomhír sin, tacóidh CFRE freisin le gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama ar feadh an tsaoil, athscilithe agus oideachais’.

- (6) In Iarscríbhinn I, Tábla I, cuirtear an ró seo a leanas isteach faoi chuspóir beartais 1:

	(vi) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP]	Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) RC0125 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le hinfheistíochtaí táirgiúla i dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha RC0126 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le	Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv)
--	--	--	---

		hinfheistíochtaí táirgiúla i dteicneolaíochtaí glana RC0127 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le hinfheistíochtaí táirgiúla i mbith-theicneolaíochtaí [Tá na táscairí sin le tuairisciú mar fhothacair de RC001-RCO04]	
--	--	--	--

(7) In Iarscríbhinn I, Tábla I, cuirtear an ró seo a leanas isteach faoi chuspóir beartais 2:

	(ix) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP]	Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) (iv) agus (vi) faoi chuspóir beartais 1 RC0125 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le hinfheistíochtaí táirgiúla i dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha RC0126 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le hinfheistíochtaí táirgiúla i dteicneolaíochtaí glana RC0127 Gnólachtaí: Fiontair a dtacaítear leo a bhaineann go príomha le hinfheistíochtaí táirgiúla i mbith-theicneolaíochtaí [Tá na táscairí sin le tuairisciú mar fhothacair de RC001-RCO04]	Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) faoi chuspóir beartais 1
--	---	---	---

(8) Sa Tábla d'Iarscríbhinn II, cuirtear an ró seo a leanas isteach faoi chuspóir beartais 1:

	(vi) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP]	Aon CCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) faoi chuspóir beartais 1	Aon CCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) faoi chuspóir beartais 1
--	---	---	---

(9) Sa Tábla d'Iarscríbhinn II, cuirtear an ró seo a leanas isteach faoi chuspóir beartais 2:

	(ix) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP]	Aon CCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) faoi chuspóir beartais 1	Aon CCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii) agus (iv) faoi chuspóir beartais 1
--	---	---	---

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1056 [CUAC]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1056 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

I gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, rannchuideoidh CUAC leis an gcuspóir sonrach maidir le réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras. Le CUAC, d’fhéadfaí tacú freisin le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóir STEP dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(ii) de Rialachán .../... [Rialachán STEP].’

- (2) In Airteagal 8(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

Le CUAC, d’fhéadfaí tacú freisin le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad a rannchuidíonn le cuspóir STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../...⁶⁵. [Rialachán STEP]. Féadfar an tacaíocht sin a sholáthar gan beann ar cé acu a rinneadh an anailís ar bhearnaí i gcomhréir le hAirteagal 11(2)(h) nó nach ndearnadh agus gan beann ar thoradh na hanailíse sin. Ní bheidh na hinfheistíochtaí sin incháilithe ach amháin i gcás nach mbeidh athshocrú mar thoradh orthu mar a shainítear i bpointe (27) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060. Le soláthar na tacaíochta sin, níor cheart gá a bheith le hathbhreithniú ar an bplean críochach um aistriú cóir i gcás ina mbeadh an t-athbhreithniú sin nasctha go heisiach leis an anailís ar bhearnaí.’

- (3) In Airteagal 10, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

‘Íocfaidh an Coimisiún 30 % de leithdháileadh CUAC, lena n-áirítear méideanna a aistrítear i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/1060, ar chlár mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an clár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil don chlár dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil ón [teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh.

I gcomhréir le hAirteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an méid a íoctar mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil a imreiteach tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcomhréir le hAirteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear aon ús arna ghiniúint leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an dóigh chéanna le CFRE agus áireofar sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh é.

I gcomhréir le hAirteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear an réamh-mhaoiniú eisceachtúil ar fionraí.

I gcomhréir le hAirteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar an réamh-mhaoiniú a íoctar sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun na méideanna atá le saoradh a ríomh.

⁶⁵ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, méadófar go 100 % na huasrátaí cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a bunaíodh chun tacú le cuspóirí STEP.’

Airteagal 12

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1057 [CSE+]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 mar a leanas:

- (1) Cuirtear isteach Airteagal 12a nua:

‘Airteagal 12a

Sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú don chlár dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás ina bhformheasfaidh an Coimisiún leasú ar chlár lena n-áirítear tosaíocht amháin nó níos mó atá tiomnaithe d’oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../..⁶⁶. [Rialachán STEP], déanfaidh sé réamh-mhaoiniú eisceachtúil 30 % ar bhonn an leithdháilte ar na tosaíochtaí sin. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil faoin 31 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh an cinneadh lena bhformheastar an leasú ar an gclár glactha ag an gCoimisiún faoin 31 Deireadh Fómhair 2024.

I gcomhréir le hAirteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an méid a íoctar mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil a imréiteach tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcomhréir le hAirteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear aon ús arna ghiniúint leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil le haghaidh an chlár lena mbaineann ar an dóigh chéanna le CSE+ agus áireofar sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh é.

I gcomhréir le hAirteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear an réamh-mhaoiniú eisceachtúil ar fionraí.

I gcomhréir le hAirteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar an réamh-mhaoiniú a íoctar sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun na méideanna atá le saoradh a ríomh.

De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, méadófar go 100 % na huasrátaí cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a bunaíodh chun tacú le cuspóirí STEP.’

Airteagal 13

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1060 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 45:

⁶⁶ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

‘(45) ciallaíonn ‘Séala Barr Feabhais’ an lipéad cáilíochta arna sannadh ag an gCoimisiún i dtaca le togra, lena léirítear maidir leis na tograí a ndearnadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoi ionstraim de chuid an Aontais agus a meastar go gcomhlíonann siad íoscheanglais cháilíochta na hionstraime sin de chuid an Aontais ach nach bhféadfaí iad a mhaoiniú de bharr easpa buiséid a bheith ar fáil don ghlaó sin ar thograí, agus go bhféadfadh sé go bhfaigheadh na tograí sin tacaíocht ó fhoinsí eile cistiúcháin de chuid an Aontais nó ó fhoinsí eile cistiúcháin náisiúnta; **nó an Séala Ceannasachta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán .../..**⁶⁷. [Rialachán STEP].’

- (2) In Airteagal 14(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 10(4) de Rialachán InvestEU, i gcás nach bhfuil comhaontú ráthaíochta tugtha i gcrích laistigh de **12** mhí ón tráth a thabharfar an comhaontú ranníocaíochta i gcrích, cuirfear deireadh nó síneadh leis an gcomhaontú ranníocaíochta trí chomhaontú frithpháirteach.’

- (3) In Airteagal 49, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘I gcás ina ndéantar tacaíocht a chlársceidealú le haghaidh chuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP], áiríteoidh an t-údarás bainistíochta go ndéanfar an fhaisnéis uile atá le foilsiú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin freisin san fhormáid a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo chun í a fhoilsiú ar an Tairseach Cheannasachta a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán .../... [Rialachán STEP], lena n-áirítear tráthchlár na nglaoanna ar thograí atá beartaithe a thugtar cothrom le dáta trí huaire in aghaidh na bliana ar a laghad, chomh maith leis an nasc chuig na glaoanna ar thograí lá a bhfoilsithe.’

- (4) In Iarscríbhinn I, Tábla 1, cuirtear na rónna seo a leanas leis:

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
145a	Tacaíocht d’fhorbairt scileanna nó rochtain ar fhostaíocht i dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha agus i mbith-theicneolaíochtaí.	0 %	0 %
145b	Tacaíocht d’fhorbairt scileanna nó rochtain ar fhostaíocht i dteicneolaíochtaí glana.	100 %	40 %
188	Infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair mhóra a bhaineann go príomha le teicneolaíochtaí glana.	100 %	40 %
189	Infheistíochtaí táirgiúla in FBManna a	100 %	40 %

⁶⁷ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

	bhaineann go príomha le teicneolaíochtaí glana.		
190	Infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair mhóra a bhaineann go príomha le bith-theicneolaíochtaí.	0 %	0 %
191	Infheistíochtaí táirgiúla in FBManna a bhaineann go príomha le bith-theicneolaíochtaí.	0 %	0 %
192	Infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair mhóra a bhaineann go príomha le teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha.	0 %	0 %
193	Infheistíochtaí táirgiúla in FBManna a bhaineann go príomha le teicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha.	0 %	0 %

(5) In Iarscríbhinn I, Tábla 6, cuirtear an ró seo a leanas isteach:

11	Rannchuidiú le scileanna agus poist i dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha, i dteicneolaíochtaí glana agus i mbith-theicneolaíochtaí	0 %	0 %
----	---	-----	-----

Airteagal 14

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 135, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

‘6. De mhaolú ar mhír 2, is é an 31 Iúil 2025 an sprioc-am chun an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach. Measfar gurb é an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach a chuirfear isteach faoin 31 Iúil 2025 an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh.

Méideanna ó acmhainní seachas REACT-EU a aisíocfaidh an Coimisiún mar íocaíochtaí eatramhacha in 2025, ní rachaidh siad thar 1 % de na leithreasuithe airgeadais iomlána le haghaidh an chláir lena mbaineann de réir Ciste, acmhainní REACT-EU as an áireamh. Méideanna a bheadh le híoc ag an gCoimisiún in 2025 agus a sháraíonn an céatadán sin, ní íocfar iad agus úsáidfear iad go heisiach chun réamh-mhaoiniú a imríteach tráth an dúnta.’

(2) In Airteagal 138, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar an sprioc-am a leagtar amach sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit na doiciméid dá dtagraítear faoi phointí (a), (b) agus (c) don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach faoin 15 Feabhra 2026.’

Airteagal 15

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 [FEAD]

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfidh an Ballstát tuarascáil chríochnaitheach ar chur chun feidhme an chláir oibríochtúil isteach mar aon leis na doiciméid um dhúnadh mar a leagtar amach in Airteagal 52, faoin 15 Feabhra 2026 ar a dhéanaí.’
- (2) In Airteagal 22, cuirtear an mhír 2a seo a leanas leis:

‘2a. I gcás costais a aisíocfar de bhun phointí (b), (c), (d) agus (e) d’Airteagal 26(2), déanfar na gníomhaíochtaí comhfhreagracha a aisíoc tríd an iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 45(6).’
- (3) In Airteagal 45, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

‘6. De mhaolú ar mhír 2, is é an 31 Iúil 2025 an sprioc-am chun an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach. Measfar gurb é an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach a chuirfear isteach faoin 31 Iúil 2025 an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh.

Méideanna a aisíocfaidh an Coimisiún mar íocaíochtaí eatramhacha in 2025, ní rachaidh siad thar 1 % de na leithreasuithe airgeadais iomlána le haghaidh an chláir lena mbaineann. Méideanna a bheadh le híoc ag an gCoimisiún in 2025 agus a sháraíonn an céatadán sin, ní íocfar iad agus úsáidfear iad go heisiach chun réamh-mhaoiniú a imréiteach tráth an dúnta.’
- (4) In Airteagal 48, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar an sprioc-am a leagtar amach sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit na doiciméid dá dtagraítear faoi phointí (a), (b) agus (c) don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach faoin 15 Feabhra 2026.’

Airteagal 16

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/523 [InvestEU]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/523 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an pointe seo a leanas le mír 1:

‘(h) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../..⁶⁸. [Rialachán STEP]’
 - (b) cuirtear an pointe seo a leanas le mír 2:

⁶⁸ Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

‘(e) tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhaineann leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (e).’

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Is é EUR **33 652 310 073** i bpraghsanna reatha a bheidh sa ráthaíocht AE chun críocha urrann AE dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a). Déanfar soláthar dó ar ráta 40 %. Cuirfear an méid dá dtagraítear in Airteagal 35(3), an chéad fhomhír, pointe (a), san áireamh freisin i dtaca le rannchuidiú leis an soláthar a eascraíonn as an ráta soláthair sin.’;

(b) I mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Déanfar méid EUR **18 827 310 073** i bpraghsanna reatha den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo a leithdháileadh i leith na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír de mhír 2:

‘Déantar an dáileadh tascach ar ráthaíocht AE chun críocha urrann AE a leagan amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún imeacht ó na méideanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I suas go dtí 15 % i ndáil le gach cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) go (e). Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon imeacht den sórt sin.’

(3) In Airteagal 7(3), cuirtear isteach an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, nuair a dhéantar tacaíocht ó na hionstraimí airgeadais a chomhcheangal i dtáirge airgeadais ag a bhfuil seasamh fo-ordaithe le ráthaíocht AE faoin Rialachán seo agus/nó le ráthaíocht AE a bhunaítear le Rialachán (AE) 2015/1017, féadfar na cailleanais, an t-ioncam agus na haisíocaíochtaí ó tháirgí airgeadais dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis na haisghabhálacha féideartha, a shannadh freisin ar bhonn neamh-pro rata idir na hionstraimí airgeadais agus ráthaíocht AE faoin Rialachán seo agus/nó ráthaíocht AE arna bunú le Rialachán (AE) 2015/1017.’

(4) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. Oibreoidh Ciste InvestEU trí bhíthin na **gcúig** ionú beartais seo a leanas lena rachfar i ngleic le clistí margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamaí faoina raon feidhme sonracha:’;

(b) I mír 1, cuirtear an pointe (e) seo a leanas léi:

‘(e) ionú beartais STEP, lena gcuimsítear infheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán .../... [Rialachán STEP]’.

(5) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 4:

‘I gcás nach dtabharfar aon chomhaontú ráthaíochta i gcrích laistigh de **12** mhí ó thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta, déanfar an comhaontú ranníocaíochta a fhoirceannadh nó cuirfear síneadh ama leis de chomhaontú frithpháirteach. I gcás nach ndéanfar an méid de chomhaontú ranníocaíochta a ghealladh go hiomlán faoi chomhaontú ráthaíochta amháin nó níos mó laistigh de 12

mhí ó thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta, déanfar an méid sin a leasú dá réir sin. Maidir le méid an tsoláthair nár úsáideadh is inchurtha i leith méideanna arna leithdháileadh ag na Ballstáit de bhun na bhforálacha maidir le húsáid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CEMID arna soláthar trí Chlár InvestEU a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060 nó de bhun na bhforálacha maidir le húsáid CETFT arna soláthar trí Chlár InvestEU a leagtar síos i Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT, déanfar é a athúsáid i gcomhréir leis na Rialacháin sin faoi seach. Maidir le méid an tsoláthair nár úsáideadh is inchurtha i leith méideanna arna leithdháileadh ag Ballstát faoi Airteagal 4(1), an tríú fomhír, den Rialachán seo, déanfar é a aisíoc leis an mBallstát.’

- (6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(4):

‘4. Déanfar 75 % **ar a laghad** den ráthaíocht AE faoi urrann AE dá dtagraítear in Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, arb ionann é agus EUR **25 239 232 554** ar a laghad, a dheonú do Ghrúpa BEI. Soláthróidh Grúpa BEI ranníocaíocht airgeadais chomhiomlán arb ionann í agus EUR **6 309 808 138 ar a laghad**. Soláthrófar an ranníocaíocht sin ar bhealach agus i bhfoirm lena n-éascófar cur chun feidhme Chiste InvestEU agus baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 15(2).’;

- (7) In Airteagal 23, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. I gcomhthéacs na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon Séala Ceannasachta a bhronnfar faoi Airteagal 4 de Rialachán .../... [Rialachán STEP] ar thionscadal’.

- (8) Leasaítear Airteagal 24(2) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Tiocfaidh an Coiste Infheistíochta le chéile i **gcúig** fhoirmíocht éagsúla a chomhfhreagraíonn do na **cúig** ionú beartais dá dtagraítear in Airteagal 8(1).’

- (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

‘Beidh ceathrar comhaltaí den Choiste Infheistíochta ina gcomhaltaí buana de gach ceann de **chúig** fhoirmíocht an Choiste Infheistíochta. Beidh saineolas ar an infheistíocht inbhuanaithe ag duine amháin ar a laghad de na comhaltaí buana. Ina theannta sin, i ngach ceann de na **cúig** fhoirmíocht, beidh beirt saineolaithe a mbeidh taithí acu ar infheistíocht in earnálacha a chumhdaítear leis an ionú beartais comhfhreagrach. Sannfaidh an Bord Stiúrtha comhaltaí an Choiste Infheistíochta don fhoirmíocht nó do na foirmíochtaí iomchuí. **Féadfar comhalta neamhbhuan a shannadh do dhá chumraíocht ar a mhéad, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an dá chumraíocht.** Toghfaidh an Coiste Infheistíochta cathaoirleach as measc a chomhaltaí buana.’

- (9) In Airteagal 25, cuirtear pointe (j) le mír 2 mar a leanas:

‘(j) tacaíocht chomhairleach a thabhairt do bhainisteoirí cistí cothromais atá gníomhach sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (e) d’Airteagal 8(1).’

- (10) In Airteagal 26, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. I dteannta mhír 4, scrúdóidh comhpháirtithe cur chun feidhme tionscadail ar bronnadh an Séala Ceannasachta orthu faoi Airteagal 4 de Rialachán .../... [Rialachán STEP] aon uair a thagann na tionscadail sin faoina raon feidhme geografach agus gníomhaíochta’.

- (11) In Airteagal 35, cuirtear mír 5 leis mar a leanas:
- ‘5. De mhaolú ar Airteagal 16, an dara fomhír, den Rialachán seo, maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta arna bhformheas ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme ón 1 Eanáir 2023 go dtí go síneofar comhaontú ráthaíochta nó leasú ar chomhaontú ráthaíochta atá ann cheana lena gcuimsítear ionú STEP, féadfar iad a chumhdach le ráthaíocht AE, ar choinníoll go bhfuil na hoibríochtaí sin sonraithe sa chomhaontú ráthaíochta, gur éirigh leo sa tseiceáil beartais dá dtagraítear in Airteagal 23(1) nó gur tugadh tuairim fhabhrach ina leith faoi chuimsiú an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 de Reachta BEI agus go bhfuil siad formheasta ag an gCoiste Infheistíochta sa dá chás i gcomhréir le hAirteagal 24.’
- (12) In Iarscríbhinn I, cuirtear pointe (e) léi mar a leanas:
- ‘(e) suas le EUR 7 500 000 000 do chuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (e).’
- (13) In Iarscríbhinn II, cuirtear isteach pointe 16 mar a leanas:
- ‘(16) na teicneolaíochtaí criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a) de Rialachán .../.... [Rialachán STEP] a uas-scálú, a úsáid agus a mhonarú ar mórscála, chomh maith leis an slabhra luacha faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(4) den Rialachán sin.’
